



Deariarachán i gcleachtas:
Cinntí an Ombudsman Eorpaigh in

2013



Clár na nÁbhar

Réamhrá ón Ombudsman	2
Trédhearcacht - an ceart chun a bheith feasach ar an méid atá ar siúl agus chun é a thuiscint	5
An fáth go bhfuil an trédhearcacht chomh tábhachtach sin	5
An ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid	7
Príobháideacht agus sonraí pearsanta - an t-idirghníomhú idir Rialachán 1049/2001 agus Rialachán 45/2001 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta	13
An ceart chun rochtain a fháil ar do chomhad féin	14
Nithe institiúideacha agus beartais	15
An Coimisiún agus tograí reachtacha	15
Nósanna imeachta dea-riaracháin – bealach lena chinntiú go dtuigeann saoránaigh cad atá ar siúl agus cén fáth	18
Dearcadh atá dírithe ar sheirbhís agus cúirtéis – an ceart chun go gcaithfí le duine go dáiríre	20
Moilleanna riaracháin	21
Coinbhleachtaí leasa - An féidir liom muinín a bheith agam go ngníomhóidh lucht riaracháin an AE ar mhaithe leis an AE agus ar mhaithe liomsa mar shaoránach?	22
Sceithireacht	24
An Coimisiún ina cháil mar Chaomhnóir na gConarthaí – ag áirithiú go gcloífidh na Ballstáit le rialacha an AE	26
Comhlíonadh conarthaí agus deontas	28
Dámhachtain tairiscintí agus deontas	29
Cúrsaí foirne, agus tábhacht na foirne	30
Comórtais agus nósanna imeachta roghnúcháin	31



Réamhrá ón Ombudsman

Amhail Oifigí Ombudsman na hearnála poiblí i gcoitinne, cuireann an tOmbudsman Eorpach sraith ar leith luachanna agus prionsabail i bhfeidhm agus é ag déileáil le gearáin. Féachann Ombudsman san earnáil phoiblí le hionadaíocht a dhéanamh ar an saoránach os comhair an lucht riaracháin agus chun an éagothroime cumhachta idir an dá thaobh a cheartú. Spreagann an tOmbudsman an lucht riaracháin chun caitheamh leis an saoránach mar dhuine aonair ina cheart nó ina ceart féin agus aird a thabhairt ar na cúinsí ar leith a bhaineann lena chás nó lena cás. Spreagann an tOmbudsman an lucht riaracháin chun a bheith solúbtha agus chun úsáid a bhaint as na roghanna atá acu, nuair is féidir, i bhfabhar an tsaoránaigh. Thar aon ní eile, oibríonn an tOmbudsman chun a chinntiú gur teagmháil shibhialta, chúirtéiseach a bhíonn ag an lucht riaracháin leis an saoránach.

I gcás an AE, léirítear i luachanna agus prionsabail an Ombudsman Eorpaigh ábhar cúraim maidir leis an dea-riarachán poiblí a chur chun cinn, agus, go háirithe, an t-ábhar cúraim go gcaithfidh lucht riaracháin an AE le saoránaigh agus gnólachtaí an AE go cothrom, go réasúnach agus go hógair.

Tá sé ina phrionsabal bunúsach ag smaointeoireacht an Ombudsman go mbíonn níos mó i gceist leis an dea-riarachán poiblí ná díreach a bheith ag gníomhú ar bhealach atá dlíthiúil. Téann cur chuige an Ombudsman níos faide ná cur chuige na gcúirteanna, lena ndírítear, i gcoitinne, ar dhlíthiúlacht gníomhartha amháin. Níor chóir d'Ombudsman iarraidh ar institiúid phoiblí choíche gníomhú ar shlí atá in aghaidh an dlí; ach beidh an tOmbudsman ag súil go ndéanfaidh institiúid an méid is féidir de réir dlí chun torthaí atá cóir agus réasúnta a bhaint amach i ngach cúinse.

Ó thosaigh mé ag obair mar an tOmbudsman Eorpach i nDeireadh Fómhair 2013, bhí sé ina dhíol suntais dom a mhéad a thugann institiúidí an AE freagra ar ghearáin i dtéarmaí dhlíthiúlachta a gcuid gníomhartha den chuid is mó. In a lán cásanna, mar is léir ó thorthaí na ngearán ar dhéileáil m'Oifig leo, bhí an institiúid tar éis cur chuige a bhí iomlán inghlactha agus réasúnta a ghlacadh, bunaithe ar an dlí. Ach i gcásanna áirithe eile, is amhail mar a bheadh an dlí á úsáid chun teorainn a chur leis na roghanna maidir leis an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh chun cabhrú leis an ngearánach. Caithfidh mé a rá gur bhfearr liom freagraí a fheiceáil ina mbaintear leas as cur chuige níos iomlánaíche nó cur chuige réiteach fadhbanna. Is cuí amach is amach é gur chóir go mbeadh anailís dhlíthiúil san áireamh i bhfreagraí den sórt sin, ach ba chóir scrúdú a dhéanamh san anailís sin ar cad eile a d'fhéadfaí a dhéanamh sa chás áirithe, de réir dlí, seachas an dlí a bheith á úsáid chun seasamh bunaidh na hinstitiúide a chosaint go docht.

Beagnach gach córas riaracháin phoiblí, bíonn sé ag streachailt, a bheag nó a mhór, chun muinín na saoránach a bhfuil sé ag freastal orthu a bhaint amach. Uaireanta, ní bhíonn cúis le heaspa muiníne an phobail as an gcóras riaracháin phoiblí, agus d'fhéadfadh sé nach léirítear leis an easpa muiníne sin ach go bhfuiltear á ghlacadh leis go leisciúil go bhfuil an maorlathas, de réir sainmhíne, ag freastal ar a chuid leasanna féin seachas leasanna an phobail i



gcoitinne. Ach uaireanta bíonn easpa muiníne an phobail dea-bhunaithe i gcleachtais iarbhír an chórais riaracháin phoiblí, nó, rud arb fhéidir is tábhachtaí é, i ndearcadh an phobail i leith na gcleachtas sin.

Baineann deacrachtaí ar leith le cás lucht riaracháin phoiblí an AE maidir le muinín na saoránach a bhfreastalaíonn siad orthu a bhaint amach agus a chothú. Tá cuid de na deacrachtaí sin nach de dhéanamh an lucht riaracháin féin iad; is ann dóibh toisc go bhfuil an lucht riaracháin achar suntasach, ó thaobh na geografaíochta agus an chultúir araon, ó go leor saoránach. Ina theannta sin, is casta agus deacair le tuiscint é a lán den mhéid a tharlaíonn ar an leibhéal riaracháin san AE mar gheall ar an gcineál oibre atá i gceist. Ní mór do lucht riaracháin an AE a bheith ag obair go crua chun an mhuinín a chothú, agus is troime an t-ualach sin orthu ná mar atá amhlaidh i gcás na gcóras riaracháin phoiblí ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal réigiúnach. Áirítear leis na cúraimí atá orm i mo phost mar Ombudsman Eorpach lucht riaracháin an AE a spreagadh agus tacú leo ina leith sin.

Sílim gur réasúnach é go mbeadh ar lucht riaracháin an AE a aithint nach mór an-aird a thabhairt ar chonclúidí an Ombudsman Eorpaigh, lena léirítear luachanna agus prionsabail ghinearálta Ombudsman. Ba chóir gurbh annamh an rud é réiteach beartaithe nó dréacht-mholadh ón Ombudsman Eorpach a dhiúltú. Is é gnó an Ombudsman é, ag gníomhú dó thar ceann gnáthshaoránach, comhairle a chur ar institiúidí an AE maidir le conas ba chóir dóibh freagra a thabhairt ar ghearáin ó shaoránaigh. Agus is é gnó na n-institiúidí é, ag gníomhú dóibh freisin thar ceann na saoránach céanna, glacadh le comhairle an Ombudsman. Níor cheart don lucht riaracháin conclúidí agus moltaí an Ombudsman a dhiúltú ach amháin sa chás inar léir go bhfuil siad mícheart.¹

Soláthraítear leis an gcásobair a dhéanann m'Oifig léargas a mheasaim ar luachmhar é ar conas ba cheart feidhm a bheith ag luachanna agus prionsabail an Ombudsman i gcásanna san fhíorshaol. Dá réir sin, chomh maith leis an [Tuarascáil Bhliantúil 2013](#) uainn, táimid ag foilsiú *An dea-riarachán i gcleachtas: cinní an Ombudsman Eorpaigh in 2013*. Tá an foilseachán sin eagraithe de réir na gcatagóirí fiosrúcháin a d'úsáid an tOmbudsman Eorpach le blianta beaga anuas:

- Trédhearcacht
- Nithe institiúideacha agus beartais
- An Coimisiún ina cháil mar chaomhnóir na gConarthaí
- Comhlíonadh conarthaí agus deontas
- Dámhachtain tairiscintí agus deontas
- Cúrsaí foirne
- Comórtais agus nósanna imeachta roghnúcháin

Léirítear san fhoilseachán conas mar a cuireadh luachanna agus prionsabail an Ombudsman i bhfeidhm i mbun gnímh maidir le fiosrúchán a cuireadh i gcrích le linn 2013². Tá súil agam go mbeidh sé luachmhar do lucht riaracháin an AE

¹ Mar a dúirt iar-Ombudsman náisiúnta de chuid na Ríochta Aontaithe, ba chóir gníomh a dhéanamh de réir thorthaí an Ombudsman i ngach cás ach amháin “*nuair a bhíonn an tOmbudsman imithe as a meabhair*”.

² Déantar na cinní lena ndúntar na fiosrúcháin dá dtagraítear a fhoilsiú de ghnáth ar láithreán gréasáin an Ombudsman (www.ombudsman.europa.eu) i mBéarla agus, más éagsúil í, i dteanga an ghearáin.



agus do gach duine ar spéis leo an dea-riarachán poiblí a chur chun cinn
laistigh den Aontas Eorpach.

Emily O'Reilly
An tOmbudsman Eorpach
15 Meán Fómhair 2014



Trédhearcacht - an ceart chun a bheith feasach ar an méid atá ar siúl agus chun é a thuiscint

D'fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú, seolfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a gcuid oibre ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir. (Airteagal 15(1) CFAE)

An fáth go bhfuil an trédhearcacht chomh tábhachtach sin

Tríd an trédhearcacht, fághtar go mbíonn sé indéanta do shaoránaigh grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-údarás poiblí, a gcuid feidhmíochta a mheas, agus iad a choimeád cuntasach. Bíonn an oscailteacht agus an rochtain phoiblí ar dhoiciméid ina gcuid riachtanach den chóras srianta agus ceartúchán institiúideacha lena ndéantar idirghabháil ar fheidhmiú na cumhachta poiblí agus lena gcuirtear an chuntasacht chun cinn.³ Ní leor é do lucht riaracháin an AE díreach a rá go bhfuil siad ag déanamh a ndíchill muinín na saoránach iontu a chothú. Tá saoránaigh i dteideal é a fheiceáil agus a chinneadh ar a son féin cibé an amhlaidh atá nó nach ea. Dá réir sin, is iad an oscailteacht agus an trédhearcacht na príomhghnéithe ar féidir leo cabhrú leis an muinín a chothú idir institiúidí an AE agus saoránaigh an AE.

I dtimpeallacht ilteangach ar nós an AE, baineann gné theanga freisin leis an gceart chun a bheith feasach ar an méid atá ar siúl agus chun é a thuiscint. Maidir le cumarsáidí de chuid lucht riaracháin an AE atá dírithe ar shaoránaigh i gcoitinne, ba é an rud ab fhearr é an t-ábhar atá beartaithe chun na gcríoch sin a fhoilsiú i ngach teanga oifigiúil. Tá an seasamh sin bunaithe ar an réasúnaíocht gurb amhlaidh, ionas go mbeadh an chumarsáid éifeachtach, nach mór go mbeadh tuiscint ag saoránaigh ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil dóibh. Mar sin féin, ós rud é nach ann d'aon phrionsabal ginearálta i ndlí an AE a thugann do gach saoránach an ceart, i ngach uile chás, leagan ina theanga nó ina teanga féin a fháil de rud ar bith a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá leasanna, éilítear leis an dea-riarachán gur chóir do lucht riaracháin an AE faisnéis a chur ar fáil do shaoránaigh ina dteangacha féin, a mhéid is féidir. Ba cheart go mbeadh sé ina chuspóir ag lucht riaracháin an AE leathanach baile a gcuid láithreán gréasáin, chomh maith le faisnéis maidir lena bhfeidhmeanna agus a mbeartas teanga, a chur ar fáil i ngach ceann de na 24 theanga oifigiúla.⁴

Is furasta a bhíonn sé glacadh leis nach i gcónaí a théann cúrsaí do bhealach féin, nó nach mbíonn siad chomh réidh agus a raibh tú ag súil leis, má thuigeann tú cén fáth. Creideann an tOmbudsman gurb amhlaidh, má thugtar míniú ceart, ón tús, ar an bhfáth a glacadh cinneadh áirithe, nó, mar shampla, ar an bhfáth a raibh moill i gceist, go mbíonn sé ina thoradh air sin go ndéantar níos lú iarrataí breise ar lucht riaracháin an AE agus níos lú teagmhálacha breise leo, agus, dá bhrí sin, gur mó an méid ama a bhíonn ag an lucht riaracháin chun freastal ar an AE agus feabhas a chur air. Má tá lucht riaracháin

³ Cás 1649/2012/RA

⁴ Cás 1363/2012/BEH



an AE ag láimhseáil gearáin ó shaoránach atá ag glacadh níos faide ná mar a ceapadh, is mór an cúnaimh é an saoránach a chur ar an eolas faoi chúis na moille.⁵ In éagmais faisnéise den sórt sin, d'fhéadfadh saoránach, mar shampla, a bhraith go raibh iallach air nó uirthi rochtain phoiblí a iarraidh ar dhoiciméid, leis na himpleachtaí acmhainne a bhaineann lena leithéid sin d'iarratas.⁶ Mar shampla, ar feadh tréimhse ghearr ghlac Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil de chuid an Choimisiúin cur chuige ní ba liobrálaí ná mar a bhí amhlaidh roimhe sin maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid a dheonú. Nuair a thréig sé an cur chuige ní ba liobrálaí, bhí gearáin chuig an Ombudsman ina thoradh air sin. Mar sin féin, bhí leisce ar an gCoimisiún a admháil go hoscailte go raibh triail bainte ag Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil as cur chuige nua. D'fhéadfadh an Coimisiún a bheith ní b'oscailte leis an ngearánach ina leith sin, in ionad a thabhairt le fios go raibh míthuiscint ar an ngearánach faoin méid a tharla. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis aiféaltais d'aon eagraíocht é a bheith le feiceáil go bhfuil dibhéirseachtaí tábhachtacha tuairimí aici. Mar sin féin, éilítear leis an gcomhthuiscint ar an oscailteacht i gcóras riaracháin phoiblí an AE go n-inseofaí an fhírinne don saoránach ón tús.⁷

Nuair a bheidh tionchar díreach ag gníomhaíochtaí de chuid lucht riaracháin an AE ar leasanna saoránach, baineann tábhacht ar leith le feabhsú na dlisteanachta trí chultúr oscailteachta agus trédhearcachta a chur chun cinn. Tá réimsí áirithe de chóras riaracháin an AE inar féidir leis an bhfírinne agus an trédhearcacht a bheith fiú ina n-ábhar beatha agus báis. Tá an Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) freagrach as cosaint na sláinte poiblí trí mheastóireacht eolaíoch agus mhaoirsiú a dhéanamh ar chógais leighis, lena n-áirítear cinntí a bhaineann le sábháilteacht agus éifeachtúlacht cógas den sórt sin. Is léir go bhféadadh botúin thromchúiseacha tarlú más rud é nach leanfaidh EMA na nósanna imeachta cuí. Tá an trédhearcacht ina bealach ríthábhachtach trínar féidir le EMA cruinneas a chinntí a áirithiú. Feidhmíonn oscailteacht agus trédhearcacht EMA chun plé eolaíoch agus dul chun cinn eolaíoch a chothú, trí chur ar chumas eolaithe neamhspleácha grinnscrúdú a dhéanamh ar chonclúidí EMA, agus ar na sonraí agus na hargóintí a chuir EMA san áireamh agus é ag teacht ar na conclúidí sin. Trína chuid tuairimí lán-doiciméadaithe a chur ar fáil, is féidir le EMA a áirithiú go mbeidh a chuid oibre go léir in ann grinnscrúdú a sheasamh agus go mbeidh an obair sin ceart, ar deireadh thiar. Tá sé ríthábhachtach don phobal go nglacfaidh EMA cinntí cearta.⁸

Uaireanta, bíonn gá fós le gearán chuig an Ombudsman ionas go mbeidh saoránaigh in ann mínithe cuí a fháil. Bíonn an tOmbudsman réidh chun cabhair a thabhairt ina leith sin, agus rinne an tOmbudsman amhlaidh i rith na bliana 2013, i ndáil le láimhseáil an Choimisiúin ar ghearáin faoi sháruithe⁹, mar shampla, agus i ndáil le coinníollacha fostaíochta don fhoireann i dToscaireachtaí an AE¹⁰. Sa chás ina gcuirtear an easpa réasúnaíochta ina ceart le linn an fhiosrúcháin, is iondúil go ndúnfaidh an tOmbudsman a fiosrúchán

⁵ Cás 48/2012/MHZ agus Cás 412/2012/MHZ

⁶ Cás 277/2012/RA

⁷ Cás 1947/2010/PB agus 2207/2010/PB

⁸ Cás 2575/2009/RA agus Cás 1877/2010/FOR

⁹ Cás 846/2010/PB agus Cás 1786/2011/MHZ

¹⁰ Cás 706/2010/RT



gan a chinneadh go raibh drochriarachán i gceist.¹¹ I gcás inar mainníodh cúiseanna a thabhairt, cé gur fadhb thromchúiseach go leor ann féin é sin, ní gá go bhfágfadh sé gur mhainnigh lucht riaracháin an AE measúnú ceart a dhéanamh ar ghearán a cuireadh faoina mbráid.¹²

Is mian leis an Ombudsman, áfach, go mbeadh sé ina thoradh ar na ráitis bhreise a dhéantar, lena dtugtar spreagadh do lucht riaracháin an AE míniú agus réasúnú níos fearr a thabhairt ar an seasamh atá acu, go mbeidh feabhsuithe le sonrú go deimhin sula fada.

An ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid

Gné thábhachtach den trédhearcacht is ea an ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid.

Beidh ag gach saoránach den Aontas ... ceart rochtana ar dhoiciméid de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais. (Airteagal 15(3) CFAE)

Saoránach atá ag iarraidh rochtana ar dhoiciméid, ní gá dó nó di cúiseanna leis an iarraidh a thabhairt.¹³

I gcomhréir le toimhde na dlíthiúlachta a bhaineann le gníomhartha de chuid institiúidí an AE, i gcás ina ndearbhaíonn an institiúid lena mbaineann nach ann do dhoiciméad áirithe a ndearnadh rochtain air a lorg, glactar leis go bhfuil an ráiteas sin ceart. Féadfaidh an t-iaratasóir cur in aghaidh na toimhde sin le fianaise ábhartha, chomhsheasmhach. D'fhéadfadh imscrúdú de chuid an Ombudsman a bheith dlite, mar shampla, má áitíonn iaratasóir go bhfuil bearnaí ama nó bearnaí i ndáil le rannpháirtíocht daoine aonair ar leith le sonrú ar bhonn chomhfhreagrais a fuarthas roimhe sin ón institiúid agus go dtugann na bearnaí sin le tuiscint go d'fhéadfadh comhfhreagrais áirithe a bheith fágtha ar lár in anailís na hinstitiúide ar iarraidh ar rochtain.¹⁴

Ní absalóideach é an ceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirtear na heisceachtaí maidir le rochtain i bhfeidhm i gceart, agus go gcuirtear i bhfeidhm go cúng iad ionas nach bhfuil an ceart rochtana teoranta gan ghá.

Mar shampla, foráiltear le hAirteagal 6 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialacháin Foirne státseirbhísigh an AE gur faoi rún a bheidh imeachtaí na mbord roghnúcháin a ghníomhaíonn i nósanna imeachta d'fhonn baill foirne de chuid an AE a earcú. Ní fhágann sé sin nach féidir rochtain phoiblí a thabhairt ar dhearbhuíthe coinbhleachta leasa ag comhaltaí de bhoird roghnóireachta den sórt sin. Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir nochtadh na *dtuairimí* arna gcur in iúl ag comhaltaí Boird Roghnúcháin agus nochtadh *aon fhaisnéise eile* a bhaineann le nós imeachta roghnúcháin. Ní chuimsítear i ndearbhú coimhlint

¹¹ Cás 846/2010/PB agus Cás 48/2012/MHZ

¹² Cás 48/2012/MHZ

¹³ Cás 524/2012/MMN

¹⁴ Cás 531/2012/MMN agus Cás 375/2013/ANA



leasa, agus ní féidir a thabhairt chun solais lena nochtadh, na dearcthaí a ghlac baill aonair de Bhord Roghnúcháin i ndáil leis an duine aonair ná measúnú comparáideach ar iarrthóirí i nós imeachta earcaíochta. Mar sin is deacair a thuiscint conas a d'fhéadfadh nochtadh na ndearbhuithe dochar a dhéanamh do neamhspleáchas na mBord Roghnúcháin, ós rud é gurb é an t-aon chuspóir amháin a bhíonn ag na dearbhuithe sin, go beacht, ná ráthú a dhéanamh ar oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht chomhaltaí na mBord Roghnúcháin.¹⁵

Rialachán 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, de chuid na Comhairle agus de chuid an Choimisiúin, tá sé ar cheann de na príomhuirlisí atá ar fáil do shaoránaigh i bhfeidhmiú an chirt atá acu chun rochtain a fháil ar dhoiciméid, mar aon le rialacha comhchosúla is infheidhme maidir le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an AE.

Mar riail ghinearálta, ní mór scrúdú trí chéim a dhéanamh chun a chinneadh cibé an bhfuil ceann de na heisceachtaí ar rochtain atá leagtha amach in Airteagal 4 de Rialachán 1049/2001 i gceist nó nach bhfuil. Ar an gcéad dul síos, ní mór a chinneadh an dtagann na doiciméid laistigh den chatagóir atá clúdaithe ag an eisceacht sin arna hagairt. Ar an dara dul síos, ní mór a chinneadh an mbainfeadh nochtadh an doiciméid an bonn (go mór) den leas cosanta. Is é sin le rá nach mór “tástáil díobhála” a dhéanamh. Ar an tríú dul síos, más amhlaidh go mbunaítear go ndéanfadh nochtadh poiblí doiciméid dochar do na leasanna atá i gceist, ní mór don institiúid a fháil amach (nuair is infheidhme i gcás na heisceachta atá i gceist), trí chleachtadh cothromaíochta a dhéanamh, cibé an bhfuil aon leas sáraitheach poiblí i gceist maidir le nochtadh nó nach bhfuil.¹⁶

De ghnáth, bíonn ar an institiúid an anailís ábhartha a chur i gcrích chun a chinneadh an bhfuil feidhm ag ceann de na heisceachtaí ar rochtain (i) “ar bhonn gach doiciméid aonair” agus (ii) “ar bhealach aonair agus ar bhealach ar leith”. D'fhéadfadh sé nach mbeadh gá le scrúdú sonrath ar leith ar gach doiciméad más rud é, mar gheall ar imthosca áirithe an cháis ar leith, gur léir gur gá rochtain a dhiúltú, nó, in a mhalairt de chás, rochtain a dheonú.¹⁷

Uaireanta diúltaíonn lucht riaracháin an AE rochtain phoiblí a dheonú ar chodanna de dhoiciméid toisc nach bhfuil siad den tuairim go mbaineann na codanna atá i gceist leis an iarratas. Ba cheart a thabhairt ar aird nach ann don choincheap “codanna ábhartha de dhoiciméad” i Rialachán 1049/2001, ina bhforáiltear nach féidir rochtain ar chodanna de dhoiciméad a dhiúltú ach amháin más rud é go bhfuil eisceacht, mar a leagtar amach in Airteagal 4, i gceist.¹⁸

Mar sin féin, féadfar Airteagal 6(3) de Rialachán 1049/2001, a bhfuil sé ina chuspóir leis réiteach cothrom a fháil i gcás doiciméad fada nó líon mór doiciméad, a chur i bhfeidhm chun codanna de dhoiciméad nach measann an institiúid a bheith bainteach leis an iarratas a chur in eagar. Féadfar é sin a dhéanamh ionas nach gá anailís dhomhain, a ghlacfadh a lán ama, a dhéanamh ar

¹⁵ Cás 1403/2012/CK

¹⁶ Cás 1817/2010/RA

¹⁷ Cás 2048/2011/OV

¹⁸ Cás 277/2012/RA



cibé an bhfuil eisceacht ar bith i gceist nó nach bhfuil. Mar sin féin, ní mór don institiúid a mhíniú go soiléir don iarratasóir gurb amhlaidh, ina tuairim, nach mbaineann na codanna atá i gceist leis an iarratasóir agus é sin a mhíniú.¹⁹ Tá sé tábhachtach freisin nach mbainfí mí-úsáid as Rialachán 1049/2001 de bharr an chur chuige sin. Go háirithe, níor cheart go mbeadh sé ina thoradh air go seachnófaí an riachtanas údar cuí a thabhairt maidir le haon neamhnochtadh ar dhoiciméad arna iarraidh. Má sheasann iarratasóir ar dhoiciméad a fháil ina iomláine, tar éis dó nó di rochtain pháirteach a fháil, ba chóir an doiciméad a chur ar fáil don iarratasóir, mura rud é go léireoidh an institiúid go bhfuil feidhm ag an eisceacht atá leagtha amach in Airteagal 4 maidir leis an doiciméad ina iomláine. Dá réir sin, má tá an institiúid tar éis doiciméad an-mhór a chur in eagar d'fhonn freagra a thabhairt do ghearánach ar iarratas leathan, doiléir, agus d'fhonn an chumhacht a thabhairt don ghearánach iarratas níos cruinne a dhéanamh, ba chóir don institiúid a lua go bhfuil sé de cheart ag an iarratasóir rochtain ar an doiciméad ar fad a iarraidh.²⁰

Is é is aidhm le hAirteagal 6(2) de Rialachán 1049/2001 iarraidh ar rochtain a shoiléiriú, is é sin, é a chur ar chumas an iarratasóra sainaitheint shoiléir a dhéanamh ar an doiciméad nó na doiciméid dá bhfuil rochtain á lorg agus chun a chur ar chumas na hinstitiúide a shainaitheint go beacht cén doiciméad nó cé na doiciméid atá á iarraidh nó á n-iarraidh. Dá bhrí sin, in ionad talamh slán a dhéanamh de cé na doiciméid a bhfuil iarratasóir ag iarraidh, ba chóir don institiúid soiléirithe a iarraidh. Má luann iarratasóir go bhfuil sé deacair fios a bheith ag duine céard go díreach is ceart a iarraidh mar gheall ar nach bhfuil a fhios aige nó aici cad is ann dó, ba cheart don institiúid a mhíniú cé na doiciméid is ann dóibh.²¹

Maidir leis na heisceachtaí:

Airteagal 4(1)(a), an tríú fleasc, de Rialachán 1049/2001 - leas an phobail a chosaint i dtaca le caidreamh idirnáisiúnta

Maidir leis an gComhairle, tá feidhm ar leith ag an dualgas a bheith chomh trédhearcach agus is féidir i ndáil lena ról reachtach. Déantar idirdhealú i dtaobh na gceanglas trédhearcachta, áfach, nuair a bhíonn institiúid ag gníomhú i gcáil reachtach nó mar pháirtí i gcaibidlíocht idir-rialtasach. Cé go bhfuil an trédhearcacht tábhachtach freisin i réimse na caibidlíochta idir-rialtasaí, a bhaineann le gealltanais a dhéanann an AE ar son a chuid saoránach agus ar féidir leo dul i bhfeidhm ar a gcearta bunúsacha, tá sé tábhachtach a bheith feasach ar an gcomhthéacs inar táirgeadh an doiciméad atá i gceist.²²

Ba cheart don Chomhairle a bheith réamhghníomhach i gcaibidlíocht idir-rialtasach, agus a cuid comhpháirtithe caibidlíochta a chur ar an eolas faoin oibleagáid atá uirthi a bheith ag obair ar shlí chomh hoscailte agus is féidir. Ar an gcaoi sin, bheadh a fhios ag an gComhairle ón tús cibé an bhfuil nó nach

¹⁹ Cás 693/2011/RA

²⁰ Cás 1877/2010/FOR

²¹ Cás 693/2011/RA

²² Cás 1649/2012/RA



bhfuil an comhpháirtí caibidlíochta ag lorg rúndachta, agus bheadh sí in ann iarratasóirí a chur ar an eolas faoi thionscnamh chur i gcoinne an nochta.²³

Airteagal 4(1)(a), an ceathrú fleasc, de Rialachán 1049/2001 - an beartas airgeadais, an beartas airgeadaíochta agus an beartas geilleagrach a chosaint

Mar a bunaíodh sa chásdlí, fágтар méid mór saoirse ag an institiúid maidir lena chinneadh cibé an bhféadfadh nochtadh doiciméad a bhaineann leis na réimsí arna gcumhdach leis an eisceacht seo an bonn a bhaint de leas an phobail, ós rud é go bhfuil cinneadh diúltaithe den sórt sin de chineál casta, íogair lena n-éilítear cúram ar leith a ghlacadh, agus ós rud é go bhfuil na critéir atá sonraithe in Airteagal 4(1)(a) an-ghinearálta.²⁴

Airteagal 4(2), an tríú fleasc, de Rialachán 1049/2001 - cuspóir cigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí a chosaint

Toimhdítear go ginearálta go bhféadfadh rochtain phoiblí ar dhoiciméid a bhaineann le himscrúdú leanúnach de chuid na hOifige Frith-Chalaoise Eorpaí (OLAF), i bprionsabal, an bonn a bhaint de chuspóir an imscrúdaithe sin. Chomh maith leis sin, nuair a úsáidtear tuarascáil imscrúdaithe de chuid OLAF mar fhianaise in imeachtaí náisiúnta atá fós ar bun, d'fhéadfadh rochtain phoiblí ar an tuarascáil sin an bonn a bhaint de chuspóir na n-imeachtaí náisiúnta sin. Is é an chúis is mó go bhfuil sé sin amhlaidh ná toisc go bhféadfadh nochtadh poiblí na fianaise ón imscrúdú atá ar bun dochar a dhéanamh d'úsáid na fianaise sin i dtriail amach anseo, go háirithe más rud é go bhféadfadh triail choiriúil a bheith ina toradh ar an imscrúdú. Mar sin féin, ní féidir é a thiomhdiú, ach amháin i gcásanna soiléire, ón bhfíric lom go bhfuil tuarascáil imscrúduithe seolta ag OLAF chuig na húdaráis náisiúnta, agus ón bhfíric sin amháin, go mbeidh na húdaráis ag gníomhú de bhun na tuarascála sin. Is féidir i gcónaí, mar shampla, go gcinneadh an t-údarás náisiúnta nach ann d'aon fhorais chun gníomh leantach a ghlacadh de bhun tuarascála nó go ndéanfaidh siad neamhaird den tuarascáil. Dá bhrí sin, tá sé de dhualgas ar OLAF dul i dteagmháil leis na húdaráis náisiúnta chun a fhíorú cibé an bhfuil nó nach bhfuil imscrúdú leanúnach (nó ar a laghad an t-ionchas láithreach go dtabharfar faoi imscrúdú den sórt sin) agus a fhíorú cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag scaoileadh na tuarascála ar an imscrúdú sin.²⁵

Airteagal 4(3), an chéad mhír, de Rialachán 1049/2001 – cosaint an phróisis cinnteoireachta nuair nach bhfuil cinneadh déanta go fóill

Clúdaíonn an téarma “próiseas cinnteoireachta” gach próiseas comhairliúcháin agus plé inmheánaigh laistigh d'institiúid agus baineann an téarma “cinntí” leis na seasaimh arna nglacadh mar thoradh ar an gcomhairliúchán agus an bplé inmheánach sin, fiú amháin más rud é nach ionann iad na seasaimh sin agus “cinntí” ar ceangailteach iad ó thaobh dlí. I bhfocail eile, tá brí leathan ag an téarma “cinneadh,” rud a léiríonn cuspóir Airteagal 4(3). Féadfaidh doiciméad a bheidh bainteach le próiseas cinnteoireachta atá curtha i gcrích, agus freisin le

²³ Cás 1649/2012/RA

²⁴ Cás 531/2012/MMN

²⁵ Cás 598/2013/OV



próiseas cinnteoireachta eile atá fós ar bun. Ní mór don institiúid a mhíniú, áfach, conas mar a bhainfeadh nochtadh an doiciméid go mór de phróiseas cinnteoireachta na hinstitiúide. Nuair a thagraíonn an institiúid AE don baol go ndéanfaí “cur isteach seachtrach” agus go mbeadh “brúnna” i gceist, ní mór di a thaispeáint ní hamháin gurb ann do bhrú den sórt sin ar lucht déanta cinntí, ach freisin go bhfuil sé réasúnta intuartha, agus nach díreach bunaithe ar bharúil atá sé, go mbeadh brú míchuí den sórt sin ar lucht déanta cinntí de chineál agus de dhéine a bhainfeadh go mór den phróiseas cinnteoireachta.²⁶

Airteagal 4(3), an dara mír, de Rialachán 1049/2001 – cosaint an phróisis cinnteoireachta nuair a bhíonn cinneadh déanta

Déantar foráil sa mhír seo do dhiúltú rochtana ar *thuairimí*, is é sin, tuairimí nó breithiúnais a chur an t-údar in iúl dá rogha féin, fiú *tar éis* an cinneadh a bheith déanta. Ní féidir brú míchuí a chur ar lucht déanta cinntí chun críocha an cinneadh a athrú nuair a bheidh sé déanta. Mar sin féin, tugann údar *tuairime* a dhearcadh nó a dearcadh féin agus tá ar a laghad an fhéidearthacht ann nach gcuirfí tuairimí den sórt sin in iúl go deona, oscailte dá d'fhéadfaí iad a phoibliú. Ní mór é baol na féin-cinsireachta, chun aimhleasa cumais cinnteoireachta institiúide, ach amháin má bhíonn na tuairimí arna gcur in iúl d'*íogaire ar leith*, mar shampla, más criticiúil (nó féinchriticiúil), barúlach, nó conspóideach iad.²⁷ Ní mór don institiúid tréith ar leith den tuairim a thabhairt le fios a d'fhágfadh go mbainfeadh íogaire ar leith léi agus a d'fhéadfadh bheith ina cúis le féin-cinsireacht dá nochtfaí an tuairim.²⁸

Ní fhágann cineál comhchoiteann cinnidh ann féin, mar shampla, go mbainfeadh nochtadh tuairimí ar leith go mór den phróiseas cinnteoireachta. Bheadh sé sin i gcoinne fuarlitir na dara míre d'Airteagal 4(3). Go deimhin, is féidir a áitiú go bhféadfadh an t-eolas go mbeidh rochtain phoiblí ar fáil sa todhchaí a bheith ina chúis le réasúnaíocht níos fearr ag meastóir, mar shampla, atá ag soláthar tuairimí atá bunaithe ar shaineolas eolaíoch agus ní tuairimí de chineál pearsanta.²⁹

Airteagal 4(5) de Rialachán 1049/2001 – Ballstát ag iarraidh nach nochtfaí doiciméad

Déanann Conradh Euratom comhthiomsú ar eolas, bonneagar agus cistiú i leith fuinneamh núicléach san AE. Faoin Airteagal 44 an Chonartha sin, féadfaidh an Coimisiún, le toiliú na mBallstát, na ndaoine agus na ngnóthas lena mbaineann, aon tionscadail infheistíochta a chuirfear in iúl dó a fhoilsiú. I dtaca le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann le tionscadail fuinnimh núicléigh, tá sé tábhachtach cineál an chirt ar rochtain phoiblí a chur san áireamh, mar a d'fhorbair sé laistigh den Aontas Eorpach chun a bheith ina phrionsabal ginearálta de dhlí an Aontais agus ina cheart bunúsach, agus Airteagal 44 de Chonradh Euratom a léamh in éineacht le Rialachán 1049/2001. An réiteach atá ceaptha ag an gCúirt i gcomhthéacs Airteagal 4(5) de Rialachán 1049/2001, ba chóir feidhm a bheith aige freisin maidir le léirmhíniú Airteagal 44 de Chonradh Euratom: Dá bhrí sin, ní mór don Bhallstát, don ghnóthas nó don duine lena

²⁶ Cás 1817/2010/RA agus Cás 1877/2010/FOR

²⁷ Cás 1817/2010/RA

²⁸ Cás 2781/2008/FOR

²⁹ Cás 2781/2008/FOR



mbaineann a bhfuil agóid á dhéanamh aige nó aici faoi dheonú rochtana, cúiseanna na hagóide a shonrú ar bhonn na n-eisceachtaí atá leagtha amach in Airteagal 4 de Rialachán 1049/2001. Mar sin féin, is ag an gCoimisiún atá an cinneadh deiridh maidir leis an iarratas ar rochtain, agus ní mór don Choimisiún a mheas cibé ar thug nó nár thug an Ballstát, an duine nó an gnóthas lena mbaineann cúiseanna bailí maidir le toiliú a dhiúltú. Tá tiomantas tugtha ag an gCoimisiún iarracht a dhéanamh an toiliú a cheanglaítear faoi Airteagal 44 de Chonradh Euratom a fháil, fiú sula mbeidh iarratas ar rochtain déanta.³⁰

Catagóirí doiciméad den chineál céanna

De ghnáth, ní mór don institiúid scrúdú sonrath ar leith a dhéanamh ar gach doiciméad ar a bhfuil rochtain iarrtha. Mar sin féin, agus measúnú á dhéanamh ar cibé an mbainfeadh scaoileadh doiciméid an bonn de leas cosanta, is féidir leis an institiúid, i bprionsabal, a cinntí a bhunú ar thoimhdí ginearálta (cé gurb infhrisnéise iad) a bhfuil feidhm acu maidir le catagóirí áirithe doiciméad, mar gur dócha go mbeidh feidhm ag dálaí den chineál céanna, a bheag nó a mhór, de ghnáth maidir le hiarratais ar nochtadh a bhaineann le doiciméid den chineál céanna. Maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 4(2), an tríú fleasc, ar ar a bhonn a dhiúltóidh na hinstiúidí rochtain ar dhoiciméad sa chás ina mbainfeadh an nochtadh an bonn do chosaint cuspóra cigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí, tá sé admhaithe go sainráite ag an gCúirt Bhreithiúnais go bhféadfar brath ar thoimhdí ginearálta a bhaineann le catagóirí doiciméad ar leith i gcásanna sonracha áirithe, eadhon, nósanna imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar chabhair ó Stát, nósanna imeachta um rialú cumasc, imeachtaí ar feitheamh os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh agus an chéim réamh-dhlíthíochta de nósanna imeachta um shárú faoi Airteagal 258 CFAE.³¹

Ní raibh an deis ag an gCúirt fós seasamh a ghlacadh ar cé acu ba chóir nó nár chóir feidhm a bheith ag an bhféidearthacht brath ar thoimhdí ginearálta den sórt sin maidir le himscrúdú arna seoladh ag OLAF agus maidir le himeachtaí náisiúnta ina dhiaidh sin bunaithe ar thorthaí OLAF. Is ann do Rialacháin³² ina bhfuil forálacha ina leagtar amach rialacha dochta lena gcuirtear srian ar rochtain ar an bhfaisnéis a fhaigheann OLAF agus a dhéantar a tharchur chuig na Ballstáit faoi chuimsiú imscrúdaithe sheachtraigh. Tá na forálacha sin cosúil leis na rialacha lena sriantar rochtain ar na comhaid i nósanna imeachta maidir le cabhair ó Stát nó i nósanna imeachta um rialú cumasc. Tá an tOmbudsman den tuairim go bhfágann na forálacha sin go bhfuil foras ann le haghaidh toimhde ghinearálta go mbainfeadh nochtadh doiciméad atá i gcomhad imscrúdaithe atá ar bun ag OLAF an bonn, i bprionsabal, de chuspóir an imscrúdaithe sin. Bheadh feidhm ag an toimhde ghinearálta a leagtar amach thuas nuair a bhíonn OLAF i mbun imscrúdaithe ar ábhar agus nuair a bhíonn imeachtaí náisiúnta bainteacha ar bun.³³

³⁰ Cás 2335/2008/CK

³¹ Cás 2048/2011/OV

³² Rialachán 1073/99 maidir le himscrúduithe arna seoladh ag OLAF agus Rialachán 515/97 maidir le cúnaimh frithpháirteach idir údarais riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfead an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart.

³³ Cás 2048/2011/OV



Mar a luadh thuas, is infhrisnéise í an toimhde ghinearálta. Dá bhrí sin, is faoin ngearánach atá sé a léiriú nach bhfuil doiciméad áirithe ar iarr sé nó sí rochtain air clúdaithe ag an toimhde sin nó gurb ann do leas sáraitheach poiblí a fhágann go bhfuil bonn cirt le nochtadh an doiciméid. Ar ndóigh, is deacair an rud é do dhuine a bhfuil iarratas ar rochtain á dhéanamh aige nó aici toimhde ghinearálta den sórt sin a fhrisnéis maidir le doiciméad áirithe más rud é nach bhfuil rochtain ag an duine sin ar an doiciméad sin. Tá an cumas sin ag an Ombudsman, áfach, toisc go bhfuil an ceart aici iniúchadh a dhéanamh ar na doiciméid ábhartha.³⁴

Príobháideacht agus sonraí pearsanta - an t-idirghníomhú idir Rialachán 1049/2001 agus Rialachán 45/2001 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta

Ní mór tábhacht na trédhearcachta a mheá i gcoinne leasanna áirithe eile, amhail an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint.

Bealach maith amháin chun cothromaíocht a áirithiú ina leith sin, mar shampla nuair is mian le saoránaigh ainmneacha saineolaithe nó meastóirí ar bhoird nó ar choistí a bheith ar eolas acu, is ea go gceadódh lucht riaracháin an AE an treoir atá ar fáil ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) nuair is mian leo a bheith ag gníomhú go trédhearcach agus iad á áirithiú ag an am céanna go gcosnófar ceart an duine aonair chun príobháideachta agus chun sonraí pearsanta bheith faoin chosaint. Spreagann an MECS lucht riaracháin an AE chun cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir le próiseáil sonraí pearsanta, is é sin, a chur in iúl do na daoine is ábhar do na sonraí roimh ré go bhféadfaí a n-ainmneacha a nochtadh i gcúinsí áirithe.³⁵

Más ag iarraidh rochtain ar dhoiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta atá an t-iarratasóir, ní mór dó nó di, i gcomhréir le hAirteagal 8(b) de Rialachán 45/2001, a léiriú, trí bhonn cirt sainráite, dlisteanach a sholáthar, an gá na sonraí pearsanta a iarradh a aistriú. Ansin is féidir leis an institiúid AE leasanna éagsúla na bpáirtithe atá i gceist a mheá i gcoinne a chéile agus a chinneadh an bhfuil aon chúis ann glacadh leis go bhféadfaí dochar a dhéanamh do leasanna dlisteanacha an té is ábhar do na sonraí trí aistriú na sonraí sin.³⁶ Ba chóir an duine a bhfuil iarratas ar rochtain á dhéanamh aige nó aici a chur ar an eolas³⁷ go bhfuil an ceart aige nó aici cúiseanna a thabhairt lena mhíniú cén fáth an mbeadh bonn cirt leis na sonraí a aistriú chuige nó chuici, agus ba chóir an deis a thabhairt dó nó di é sin a dhéanamh. Le Rialachán 1049/2001, bunaítear nós imeachta riaracháin dhá leibhéal lena dtugtar an fhéidearthacht sin d'iarratasóir, trínar féidir leis an iarratasóir riachtanas a léiriú san iarratas daingniúcháin uaidh nó uaidhi.³⁸ Fiú sa chás nár sholáthair iarratasóir faisnéis lena dtugtar bonn cirt sainráite den sórt

³⁴ Cás 2048/2011/OV

³⁵ Cás 2111/2011/RA

³⁶ Cás 1403/2012/CK agus Cás 2510/2011CK

³⁷ Cás 277/2012/RA

³⁸ Cás 1403/2012/CK



sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh faisnéis shoiléir go leor ag an institiúid lena chur ar a cumas a mheas go bhfuil bonn cirt leis an aistriú sonraí.³⁹

Ní leor é sonraí pearsanta amhail ainmneacha agus sonraí teagmhála a scriosadh amach ó dhoiciméid, gan a rá an bhfuil iarracht déanta a fhíorú cibé an dtoilíonn na daoine is ábhar do na sonraí don nochtadh.⁴⁰

Ba chóir do na hinstitiúidí gan a bheith róthugtha don fhoirmiúlacht agus iad ag déileáil le hiarratais ar rochtain. Má chuireann iarratasóir isteach iarratas ar rochtain phoiblí ar dhoiciméad faoi Rialachán 1049/2001, i gcás ina mbeidh rochtain phribhléideach ar leith deonaithe don iarratasóir cheana féin faoi Airteagal 13 de Rialachán 45/2001, ní mór don institiúid, i bprionsabal, déileáil leis an iarratas sin go fóill. Beidh i gceist leis sin scrúdú a dhéanamh ar an doiciméad faoin Rialachán 1049/2001. I gcás den sórt sin, áfach, d'fhéadfadh an institiúid smaoineamh ar mhíniú don iarratasóir nach mbaineann aon tairbhe phraiticiúil le scrúdú a dhéanamh faoin Rialachán 1049/2001.⁴¹

Agus faisnéis á nochtadh, faoi Rialachán 45/2001, d'iarratasóir faoi shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi, tá cead ag an institiúid faisnéis eile atá sna doiciméid atá i gceist a scriosadh. Níl hionann rochtain ar shonraí pearsanta agus rochtain ar dhoiciméid.⁴²

An ceart chun rochtain a fháil ar do chomhad féin

Sonraítear in Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (An ceart chun dea-riaracháin) go bhfuil an ceart ag gach duine rochtain a fháil ar a chomhad nó a comhad, agus leasanna dlisteanacha rúndachta agus rúndachta gairmiúla agus gnó á n-urramú ag an am céanna. Roinnt de na heisceachtaí a bhfuil feidhm acu maidir leis an gceart rochtana *poiblí* ar dhoiciméid, d'fhéadfadh feidhm a bheith acu freisin maidir le ceart rochtana *duine aonair*. Mar sin féin, ní féidir rochtain a dhiúltú do dhuine ar a chomhad nó a comhad féin ar an bhforas go bhféadfadh deonú na rochtana sin damáiste a dhéanamh do chearta príobháideachta agus sonraí pearsanta, nó leasanna tráchtála, *an té a rinne an t-iarratas rochtana*.⁴³

³⁹ Cás 2510/2011/CK

⁴⁰ Cás 277/2012/RA

⁴¹ Cás 1108/2012/RT

⁴² Cás 1013/2012/MHZ

⁴³ Cás 1560/2010/FOR



Nithe institiúideacha agus beartais

Tá an tOmbudsman den tuairim nach dtagann ceachtar de thuillteanas reachtaíocht an AE, ná obair pholaitiúil Pharlaimint na hEorpa, faoi réim choincheap an drochriaracháin.

An Coimisiún agus tograí reachtacha

Agus measúnú á dhéanamh aici ar ghníomhartha an Choimisiúin agus tograí reachtacha á cheapadh aige, ní hé ról an Ombudsman é a breithiúnas a chur in áit bhreithiúnas an Choimisiúin. Ina ionad sin, is é a ról é a sheiceáil gur leanadh na nósanna imeachta cearta agus nach ndearnadh aon bhotún soiléir breithmheasa. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cuntas iomlán, ar éasca le tuiscint é, a thabhairt ar na céimeanna a glacadh agus ar na haonáin bhainteacha roimh dó a thogra reachtach a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle lena scrúdú.⁴⁴

Conas éisteacht le saoránaigh agus leis an tsochaí shibhialta

Trí bhíthin an daonlathais rannpháirtíochta, atá bunaithe ar phrionsabal an chomhionannais agus ar phrionsabal na trédhearcachta, cuirtear feabhas ar iontaobhas saoránach san AE agus ina chóras riaracháin. Tá iontaobhas méadaithe san AE agus ina chóras riaracháin ina ghné lárnach maidir le cur le héifeachtacht an AE agus le héifeachtacht a chóras riaracháin.⁴⁵

Maidir le forbairt an Choimisiúin ar thograí reachtacha, díríonn an tOmbudsman ar ghnéithe nós imeachta. Foráiltear le hAirteagal 11 den Chonradh AE d'implíne an réimse breithniúcháin ina ndéanann institiúidí an AE idirghníomhú le saoránaigh, le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí shibhialta. Ní mór d'institiúidí an AE a chinneadh "na bealaí iomchuí" trína dtabharfar an deis do shaoránaigh agus do chomhlachais ionadaíocha a gcuid tuairimí a chur in iúl agus iad a mhalartú go poiblí. Beidh an modh beacht trína dtabharfar éifeacht don daonlathas rannpháirtíochta in aon imthosca ar leith ag brath ar chineál sonrach na gníomhaíochta de chuid an Aontais atá i gceist. I dtaca leis sin, is gá go mbeadh saoirse éigin ag institiúidí an AE, go háirithe i réimsí atá casta go teicniúil. Mar sin féin, ba chóir dóibh a áirithiú i gcónaí gur féidir leo údar oibiachtúil a thabhairt i dtaca leis an gcaoi a fheidhmíonn siad an rogha atá acu, rogha ar gá nach mbeadh idirdhealaitheach, ná a bheadh le braith mar cheann idirdhealaitheach. Chomh maith leis sin, ba chóir na comhairliúcháin arna ndéanamh a bheith leathan.⁴⁶

Ionas gur féidir le saoránaigh agus comhlachais ionadaíocha an ceart rannpháirtíochta daonlathaí a theachtadh i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais, ní mór deis dháiríre a thabhairt dóibh a dtuairimí a chur in iúl agus a bheith cinnte go gcuirfidh institiúidí an AE na tuairimí sin san áireamh. D'fhonn an méid sin a bhaint amach, ní mór d'institiúidí an AE a áirithiú go

⁴⁴ Cás 875/2011/JF

⁴⁵ Cás 2558/2009/DK

⁴⁶ Cás 1151/2008/ANA agus Cás 2097/2011/RA



bhfuil comhionannas deiseanna ann i dtaca leis sin, ag céim sách luath, do na páirtithe bainteacha ar fad, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an lucht acadúil.⁴⁷

Ní díreach cistiú a dheonú i leith gníomhartha áirithe atá i gceist leis an oibleagáid dul i mbun idirphlé leis an tsochaí shibhialta. Más amhlaidh nach roghnaíonn an Coimisiún urraíocht a dhéanamh ar thionscnamh áirithe, ní féidir a bhaint de thátal as sin, as féin, gur sháraigh sé an oibleagáid atá air dul i mbun idirphlé leis an eagraíocht ábhartha.⁴⁸

Tá ar an AE idirphlé oscailte, trédhearcach, tráthrialta a choimeád ar siúl freisin le heaglaisí, comhlachais nó pobail reiligiúnacha, agus le heagraíochtaí fealsúnacha agus le heagraíochtaí neamhfhaoistiniúla (Airteagal 17 CFAE). Fágann an prionsabal um dheighilt na heaglaise agus an stáit, a chiallaíonn, agus é aistriú go dtí comhthéacs an AE, an deighilt idir na heaglaisí agus institiúidí an AE, áfach, nár chóir aon seasamh pribhléide míchuí a bheith ag na heaglaisí agus na heagraíochtaí reiligiúnacha i ndáil lena n-idirphlé le hinstitiúidí an AE. Má roghnaíonn an Coimisiún gan dul i mbun idirphlé ar leith faoi Airteagal 17 CFAE, ní gá go mbainfear de thátal as sin nach féidir rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a ráthú ar mhodh eile, go háirithe, faoi Airteagal 11 den Chonradh AE. Fágтар méid mór saoirse ag an gCoimisiún maidir lena chuid tosaíochtaí a shainiú agus cinneadh a dhéanamh cé na hábhair a thogróidh sé a phlé mar chuid d'idirphlé Airteagal 17 CFAE. Mar sin féin, ba cheart don Choimisiún a áirithiú i gcónaí go bhfeidhmeoidh sé a rogha féin ar shlí atá neamh-idirdhealaitheach. Rud is ea é sin nach féidir a chinneadh, de ghnáth, ach amháin tar éis scrúdú a dhéanamh ar chleachtas an Choimisiúin thar thréimhse sách fada.⁴⁹

Ní bhaineann Airteagal 17 CFAE le plé a dhéanamh faoi reiligiún nó faoin bhfealsúnacht ina gceart féin. Ní fadhb é i bprionsabal, áfach, go léireodh na tuairimí a chuirfidh na pobail reiligiúnacha (agus dhaonnacha) i láthair le linn a n-idirphlé leis na hinstitiúidí a gcuid tuairimí mar phobail reiligiúnacha (agus dhaonnacha). Maidir leis an téarma “tráthrialta” in Airteagal 17 CFAE, níl aon rud in Airteagal 17 CFAE a thugann le tuiscint go gcaithfear cothromaíocht bheacht a bhaint amach idir na grúpaí éagsúla. Ní fhéadfadh ábhar imní a bheith ann ach amháin dá mba rud é go léireofaí in anailís ar an tsraith cruinnithe gur follasach go bhfuil cur chuige an Choimisiúin díréireach. Maidir leis an téarma “trédhearcach,” tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún i réimsí áirithe, go háirithe sa chás ina bhfeidhmíonn sé cumhachtaí imscrúdaithe agus rialála, nótaí sách mionsonraithe a ghlacadh. Maidir leis an téarma “oscailte,” tá saoirse ag an gCoimisiún páirt a ghlacadh i bplé oscailte, macánta ach amháin más rud é go léiríonn an Coimisiún go mbeadh idirphlé áirithe contrártha do luachanna lárnacha an Aontais.⁵⁰

Féadfaidh an Coimisiún imeachtaí a óstáil agus gníomhaíochtaí a mhaoiniú d'fhonn díospóireacht a chothú faoi na saincheistanna a bhaineann leis na himeachtaí nó na gníomhaíochtaí sin. Ní gá go dtabharfadh sé sin le tuiscint go dtacaíonn an Coimisiún leis an teachtaireacht ar leith nó leis an ábhar ar leith. A

⁴⁷ Cás 1151/2008/ANA

⁴⁸ Cás 2097/2011/RA

⁴⁹ Cás 2097/2011/RA

⁵⁰ Cás 2097/2011/RA



mhalairt ar fad, féadfaidh an Coimisiún díreach a bheith ag iarraidh díospóireacht a spreagadh, rud is dlisteanach. Tá an tsaoirse cainte i measc na mbunluachanna a bhíonn ag sochaí dhaonlathach.⁵¹

Mar shampla, bhí míshásamh éigin ann de bharr taispeántas grianghrafadóireachta a bhain le lánúineacha den ghnéas céanna, a bhí ar siúl i bhfoirgneamh de chuid an Choimisiúin. Is fíor nach féidir le hinstiúidí an AE gníomhú ach laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a shanntar dóibh go sainráite nó go hintuigthe sa Chonradh agus nach bhfuil aon inniúlacht ag an AE maidir le póstaí agus páirtneireachtaí cláraithe a aithint. Mar sin féin, tá cosc ar an idirdhealú ar bhonn claonadh gnéasach laistigh de raon feidhme chur i bhfeidhm an dlí AE. Tá sé soiléir go bhfuil an chumhacht ag an AE, chomh maith leis an oibleagáid, chun cur in aghaidh an idirdhealaithe ar bhonn claonadh gnéasach laistigh de raon feidhme a inniúlachta. Dá bhrí sin, mar bhonn prionsabail, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún sprioc den sórt sin a shaothrú ar bhealaí díreacha chomh maith le bealaí indíreacha, amhail trí mhaoiniú nó óstáil a dhéanamh ar thaispeántas lena ndéantar iarracht neamh-idirdhealú ar bhonn claonadh gnéasach a chur chun cinn, nó trí thaispeántas den sórt sin a chur faoin phátrúnacht. Go háirithe, d'fhéadfadh gníomh den sórt sin teacht faoi réim inniúlachta an AE má théann an t-idirdhealú líomhnaithe i bhfeidhm ar aon cheann de na saoirsí a ráthaítear sa CFAE, amhail an ceart chun saorghluaiseachta laistigh den AE.⁵²

Mar sin féin, fiú amháin má bhaineann taispeántas ar leith le saincheist a thagann faoi inniúlacht an AE, agus má fhágtar dá bharr sin go bhféadann an Coimisiún óstáil nó cómhaoiniú a dhéanamh ar imeacht den sórt sin, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach don Choimisiún séanadh a dhéanamh, d'fhonn a shoiléiriú go léiríonn ráitis tuairimí a d'fhéadfadh nach ionann iad agus a chuid tuairimí féin.⁵³

Conas grúpaí saineolaithe a chur ar bun, agus éisteacht leo

Tá sainordú an Ombudsman teoranta d'imscrúdú a dhéanamh ar roghnú/comhdhéanamh, oibriú agus trédhearcacht ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin.⁵⁴ Ní féidir leis an Ombudsman measúnú a dhéanamh ar thoradh obair na ngrúpaí saineolaithe.⁵⁵

Ní hé gnó an Ombudsman é athmheasúnú a dhéanamh ar mheastóireachtaí teicniúla nó eolaíocha, a bhfuil cuid acu ina ngné thábhachtach in obair réamh-reachtaíochta an Choimisiúin. An obair a dhéanann coistí teicniúla nó eolaíocha, mar shampla, ní mór di a bheith bunaithe (i) ar phrionsabal an fheabhais theicniúil, (ii) ar phrionsabal an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta, agus (iii) ar phrionsabal na trédhearcachta. Is é ról an Ombudsman é a áirithiú gur leanadh dea-nósanna imeachta riaracháin agus gur tugadh urraim do na cearta a ráthaítear in ord dlíthiúil an AE maidir le nósanna imeachta riaracháin, go háirithe an dualgas chun scrúdú cúramach, neamhchlaonta a dhéanamh ar

⁵¹ Cás 1640/2011/MMN

⁵² Cás 1640/2011/MMN

⁵³ Cás 1640/2011/MMN

⁵⁴ Ní gá gur grúpa "ionadaíoch" é grúpa "saineolach."

⁵⁵ Cás 1682/2010/BEH



gach gné ábhartha den ábhar agus cinneadh atá réasúnaithe go leordhóthanach a sholáthar ar bhonn an chreata dlí ábhartha. Is féidir leis an Ombudsman scrúdú a dhéanamh, mar shampla, ar cibé an amhlaidh nó nach amhlaidh go raibh rochtain ag an gcomhlacht AE atá i gceist ar na heilimintí is gá chun tabhairt faoi anailís chuimsitheach ar an tsaincheist áirithe, go bhfuil soiléiriú déanta ar ghnéithe doiléire agus gur sholáthair an comhlacht AE míniú comhsheasmhach ar an gcur i bhfeidhm a rinne sé ar na rialacha iomchuí. Tuairimí éagsúla maidir le ceisteanna teicniúla, ní fhágann siad, astu féin, go bhfuil measúnú an chomhlachta AE mícheart.⁵⁶

Mar shampla, ní féidir rogha i réimse an bheartais taighde - is cuma cé chomh teicniúil atá sí nó cé chomh cúng atá a raon feidhme - a dhealú ó ghnéithe iomadúla eile comhshaoil, sóisialta agus geilleagracha. Ní mór gach ní ábhartha a chur san áireamh agus ní leor é don Choimisiún a áitiú nach ann d'aon “laofacht teicneolaíochta”. Níl an Coimisiún saor ón oibleagáid an oibiachtúlacht a áirithiú toisc nach bhfuil sé faoi cheangal glacadh leis na moltaí arna ndéanamh ag coiste ar leith nó grúpa ar leith arna bhunú faoina choimirce.⁵⁷

Nuair a cheapann an Coimisiún saineolaithe chun meastóireachtaí teicniúla nó eolaíoch a dhéanamh, ní mór don mhodheolaíocht a chuirfear i bhfeidhm cloí leis na rialacha dlí is infheidhme agus le prionsabail an dea-riaracháin, agus ní mór nach mbeadh aon bhotúin fhollasacha mheasúnachta i gceist. Ba chóir a mheabhrú go bhfágfar méid mór saoirse ag an gCoimisiún maidir lena chinneadh conas saineolaithe seachtracha a roghnú. Dé gnáth is é an modh ceart chun sainiú a dhéanamh ar an líon is mó is féidir saineolaithe a bhfuil an saineolas is gá acu ná fógra a fhoilsiú go bhfuil saineolaithe á lorg ag an gCoimisiún agus glao a eisiúint ina dtugtar cuireadh do shaineolaithe a gcuid spéise a chur in iúl. Ba chóir doiciméadú ceart a dhéanamh ansin ar an measúnú comparáideach ar na saineolaithe d'fhonn a thaispeáint gur roghnaíodh na hiarrthóirí is oiriúnaí. Ba chóir go mbeadh an measúnú sin ar fáil go poiblí, agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar an ngá cloí le rialacha um chosaint sonraí.⁵⁸

Nósanna imeachta dea-riaracháin – bealach lena chinntiú go dtuigeann saoránaigh cad atá ar siúl agus cén fáth

Is prionsabal ginearálta de dhlí an AE é nach mór d'iarratasóir a bhfuil neamhniú ar chinneadh riaracháin á lorg aige nó aici ar fhorais neamhrialtachta nós imeachta a thaispeáint go bhfuil ar a laghad an fhéidearthacht ann go mbeadh toradh an nós imeachta riaracháin sin difriúil murach an neamhrialtacht nós imeachta a ndearnadh gearán ina leith. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur cás drochriaracháin atá i gceist le neamhrialtacht nós imeachta, fiú amháin más rud é nach mbeadh an neamhrialtacht nós imeachta sin, i gcás áirithe, ina foras le haghaidh neamhniú cúirte ar chinneadh ar leith.⁵⁹

⁵⁶ Cás 51/2011/AN agus Cás 2558/2009/DK

⁵⁷ Cás 1151/2008/ANA

⁵⁸ Cás 2558/2009/DK

⁵⁹ Cás 1560/2010/FOR



Tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne gurb ann do cheart bunúsach go gcuirfí cúiseanna ar fáil do dhuine maidir le breitheanna lucht riaracháin an AE agus gurb ann freisin do cheart bunúsach chun éisteacht a fháil sula ndéanfaidh an lucht riaracháin cinneadh a dhéanfadh dochar don duine sin.⁶⁰

Maidir leis an gceart chun éisteacht a fháil, ní mór do shaoránach a bheith in ann a dhearcadh nó a dearcadh a chur i láthair go fóinteach maidir leis an ábhar ar a mbeidh an cinneadh á bhunú. Chun sampla a thabhairt, maidir le fógra foirceanta um chonradh fostaíochta le misean míleata de chuid an AE⁶¹, chinn an tOmbudsman nach raibh sé sin inghlactha nuair a bhí an fostaí breoite, agus go háirithe nuair a bhí an fostaí ar saoire bhreitheachta mar gheall ar neamhord síceolaíoch.⁶²

Nuair a iarrann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, OLAF, faisnéis ó pháirtí faoi imscrúdú nó nuair a chuireann sí é nó í faoi agallamh, ba chóir di an páirtí sin a chur ar an eolas faoi raon feidhme an imscrúdaithe. Féadfar an fhaisnéis sin a theorannú do chineál na líomhaintí a rinneadh. Nuair atá cinneadh díreach le déanamh a bheidh tionchar aige ar dhuine, éilítear leis an gceart foirmiúil chun éisteacht a fháil freisin go dtabharfar an deis don duine sin trácht a dhéanamh ar an bhfianaise. Maidir leis an gceart foirmiúil chun éisteacht a fháil, tá sé bunaithe ag an gCúirt Bhreithiúnais nach ionann iad cinneadh de chuid OLAF faisnéis a chur ar aghaidh chuig na húdaráis imscrúdaithe náisiúnta agus gníomh a dhéanfaidh dochar do dhuine toisc go mbeidh saoirse ag na húdaráis náisiúnta go fóill chun measúnú a dhéanamh ar ábhar na faisnéise sin. Dá bhrí sin níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar OLAF an ceart foirmiúil chun éisteachta a dheonú don pháirtí faoi imscrúdú i gcás den sórt sin (is faoin na húdaráis náisiúnta é a ráthú go ndéanfar urramú ar an gceart chun éisteacht a fháil). Is leithne é coincheap an dea-riaracháin, áfach, ná coincheap na dlíthiúlachta. Trína chuid torthaí a chur faoi réir grinnscrúdú agus dúshláin, is féidir le OLAF feabhas a chur ar a gcinnteacht agus a mbailíocht. Comhlíonfaidh OLAF prionsabal an dea-riaracháin trí fhaisnéis leordhóthanach a thabhairt don pháirtí atá faoi imscrúdú a bhaineann leis na líomhaintí a rinneadh i gcoinne an pháirtí sin agus leis an bhfianaise thacaíochta.⁶³

I ndáil le nósanna imeachta OLAF, más rud é go bhfuil daoine éagsúla á n-imscrúdú i ndáil leis an ábhar céanna, d'fhéadfadh sé a bheith nach ionann iad fíricí gach imscrúdaithe, agus go bhfuil gnéithe éagsúla ar leith sna comhaid cháis a gcaithfear measúnú leithleach a dhéanamh orthu. Cé go bhféadfadh sé go seasfadh imscrúduithe aonair arna ndéanamh ag OLAF tréimhsí ama éagsúla, ní fhágfadh sé sin go raibh idirdhealú i gceist. Ní mór measúnú a dhéanamh ar réasúntacht fad ama imscrúdaithe i bhfianaise chúinsí sonracha an cháis. Ceanglaítear le prionsabail an dea-riaracháin, áfach, go n-áiritheoidh na húdaráis imscrúdúcháin go nglacfar gach céim den nós imeachta laistigh de thréimhse ama réasúnta tar éis na céime roimhe sin.⁶⁴

⁶⁰ Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus forbairt bhreise déanta air in Airteagal 16 agus Airteagal 18 den *Cód Eorpach um Dhea-iompraíocht Riaracháin*.

⁶¹ Ní bhíonn fostaithe misean den sórt sin faoi réir na Rialachán Foirne.

⁶² Cás 1519/2011/AN

⁶³ Cás 1560/2010/FOR

⁶⁴ Cás 2515/2011/CK



Córas ríomhairithe chun bagairtí ar leasanna airgeadais agus dea-cháil an AE a shainaithint is ea Córas Réamhrabhadh an Choimisiúin. Dhéileáil an tOmbudsman le gearáin a bhain le rabhadh W3b, mar a thugtar air. Déantar rabhadh a chlárú nuair is amhlaidh, de réir an Chinnidh lena mbunaítear an Córas Réamhrabhadh, gurb eol go bhfuil tríú páirtithe, go háirithe tríú páirtithe atá ag baint tairbhe nó a bhain tairbhe as cistí Comhphobail ... ina n-ábhar ag imeachtaí breithiúnacha maidir le botúin riaracháin thromchúiseacha nó calaois. Sa chás ina mbíonn imeachtaí breithiúnacha ina dtoradh ar imscrúduithe OLAF nó sa chás ina dtairgeann OLAF cúnaimh nó ina ndéanann sé gníomh leantach maidir le himeachtaí, iarrann OLAF go ndéanfar gníomhú ar an rabhadh W3b comhfhreagrach. Chláraigh OLAF an rabhadh cuí. Ní dhéantar sainmhíniú sa Chinneadh maidir le Córas Réamhrabhadh ar an téarma “imeachtaí breithiúnacha,” a bhfuil bríonna éagsúla leis go deimhin faoi chórais bhreithiúnacha Bhallstáit éagsúla. Dá bhrí sin, ní mór go gcuirfeadh léirmhíniú an téarma san áireamh cuspóir agus comhthéacs an Chórais Réamhrabhadh, agus, go sonrach, cuspóir agus comhthéacs an rabhadh W3b laistigh den Chinneadh maidir le Córas Réamhrabhadh. Tá difríocht shoiléir idir tús a chur le triail i gcóras fiosrúcháinach nó i gcóras breithiúnach sáraíochta, agus tús a chur le céim imscrúdaithe bhreithiúnaigh i gcóras fiosrúcháinach. Ní gá go dtabharfadh tosú na céime imscrúdaithe i gcóras fiosrúcháinach le tuiscint go bhfuil fíorais áirithe bunaithe cheana féin i ndáil le duine: ní fhágann sé ach go bhfuil forais leordhóthanacha ann chun imscrúdú breithiúnach a thionscnamh. Má chuirtear tús le triail, ar an lámh eile, tugtar le fios leis sin go bhfuil an líomhain a rinneadh i gcoinne an duine, in éineacht leis an bhfianaise *prima facie*, tromchúiseach agus sochreidte go leor gur cheart triail a chur ar bun. I gcás ina n-eisítear rabhadh W3b in éagmais an cháis a bheith curtha ar aghaidh i gcomhair trialach, tá an baol ann nach gcaithfear le cásanna eile ar an gcaoi chéanna. Is amhlaidh atá toisc go mbíonn bríonna éagsúla ag an téarma “imeachtaí breithiúnacha” ag brath ar an Stát lena mbaineann. Tugann sin le fios nár chóir rabhadh W3b a eisiúint ach amháin nuair a bhíonn cás curtha chun trialach.⁶⁵

Dearcadh atá dírithe ar sheirbhís agus cúirtéis – an ceart chun go gcaithfí le duine go dáiríre

Tá sé de dhíth ar gach duine a bhrath go dtugtar aitheantas dó nó di agus go n-éistear leis nó léi. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás saoránach i ndáil le córas riaracháin an AE, a mbíonn an dearcadh ina leith go minic go bhfuil sé i bhfad i gcéin, agus ní ó thaobh achar geografáíochta amháin. Ní mór do lucht riaracháin an AE iarracht a dhéanamh go mbeadh saoránaigh ag braith go gcaitear lena gcuid ábhar cúraim, a gcuid ceisteanna agus a gcuid iarratas ar shlí dháiríre.

Ní annamh an rud é nach n-aontaíonn saoránach le beartas an AE i réimse áirithe, mar shampla. Mar sin féin, ní bhíonn drochriarachán i gceist díreach mar gheall nach ionann iad na tuairimí a chuireann an AE in iúl agus iadsan atá ag gearánach. Is minic a bhíonn drochriarachán i gceist le heaspa cúirtéise ach ní mór aon líomhaintí i leith easpa cúirtéise a thacú le fianaise.⁶⁶

⁶⁵ Cás 637/2009/FOR

⁶⁶ Cás 2441/2010/OV



Sampla de chás inar chaith lucht riaracháin an AE go dáiríre le hábhar imní a chuir saoránach in iúl is ea cás saoránaigh a d'éiligh cúiteamh ó aerlíne agus ansin a rinne gearáin leis an gComhlacht Forfheidhmithe Náisiúnta (CFN) ábhartha tar éis eitilte ar cuireadh moill uirthi. Chuir an CFN in iúl dó nach raibh aon inniúlacht aige chun déileáil le héilimh aonair ar chúiteamh agus dheimhnigh an Coimisiún seasamh an CFN. Tar éis fhiosrúchán an Ombudsman, gheall an Coimisiún, áfach, athrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis mhíshoiléir san *fhoirm ghearáin AE um chearta paisinéirí* dá chuid agus chinn an tOmbudsman go raibh gníomh cuí déanta ag an gCoimisiún ionas nach mbeadh aon mhearbhall breise ann maidir le cad is féidir le CFN a dhéanamh mar fhreagairt ar ghearán.⁶⁷

Bealach eile inar féidir leis na hinstiúidí a bheidh cabhrach agus dírithe ar sheirbhísí is ea gan nós imeachta foirmiúil nach bhfuil gá leis a thionscnamh más ann do bhealach nach bhfuil chomh foirmiúil chun déileáil le hábhar chun sástacht an tsaoránaigh, amhail nuair a iarrtar rochtain ar dhoiciméid faoi thacair éagsúla rialacha agus nuair a dheonaítear rochtain ar bhonn ceann amháin acu. Is minic ansin nach mbaineann aon tairbhe phraiticiúil le leanúint leis an measúnú ar an iarratas ar rochtain ar bhonn na rialacha eile.⁶⁸

Is ionann ceist na teanga, mar a luadh thuas cheana féin, agus ceist a bhaineann le meon seirbhíse: Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil gach saoránach Eorpach in ann a chuid comhairliúcháin poiblí a thuiscint, agus ba cheart iadsan a fhoilsiú i ngach ceann de na teangacha oifigiúla, ar bhonn prionsabail.⁶⁹

Ina theannta sin, ba chóir go dtuigfeadh lucht riaracháin an AE an chumhacht a bhíonn ag leithscéal.

Éilítear le prionsabail an dea-riaracháin go n-admhódh lucht riaracháin an AE botúin agus go measfadh siad conas is féidir botúin den sórt sin a cheartú. Féadfar leithscéal a ghabháil mar chéad chéim. Mura ndéantar ach aiféala a chur in iúl, gan glacadh leis an bhfreagracht as an mbotún, ní leor é sin. Is é an rud is ceart a dhéanamh ná leithscéal a ghabháil, lena dtugtar le fios go bhfuil botún á admháil.⁷⁰

Mura gcloítear le prionsabail an dea-riaracháin, amhail mar a bheadh i gcás ina mainnítear freagra a thabhairt ar chomhfhreagras nó freagra a thabhairt sa teanga chéanna a d'úsáid na saoránaigh a rinne teagmháil le lucht riaracháin an AE, is féidir an scéal a chur ina cheart ach leithscéal a ghabháil agus, nuair is féidir, míniú a chur ar fáil.⁷¹

Moilleanna riaracháin

I gcás moille, braitheann an saoránach nach bhfuiltear ag caitheamh leis nó léi go dáiríre, go háirithe más rud é nach gcuireann lucht riaracháin an AE míniú ar fáil. Foráiltear in Airteagal 41(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais

⁶⁷ Cás 606/2012/OV

⁶⁸ Cás 1108/2012/RT

⁶⁹ Cás 875/2011/JF

⁷⁰ Cás 312/2012/CK

⁷¹ Cás 1708/2011/JF



Eorpaigh don cheart bunúsach atá ag gach duine go ndéanfaidh institiúidí an AE an Aontais a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil laistigh de thréimhse ama réasúnta.

Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist ar thaobh an Choimisiúin nuair nár thug sé míniú ceart ar a chinneadh gearán um shárú a choinneáil ar oscailt ar feadh bliain go leith cé go raibh sé cinnte aige nach ndearnadh aon sárú.⁷²

Cúis imní a thagann i gceist arís agus arís i gcás gearánaithe is ea moill líomhnaithe maidir le láimhseáil iarratas ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid faoi Rialachán 1049/2001.

I gcás ina mainneoidh institiúid freagra a thabhairt ar an iarratas ar rochtain laistigh den teorainn ama atá ordaithe, measfar gur freagra diúltach é sin, rud a fhágfaidh go mbeidh an t-iarratasóir i dteideal dul chun na Cúirte nó dul go dtí an tOmbudsman Eorpach. Más eol d'institiúid go mbeidh sí déanach lena freagra, ba chóir di insint don iarratasóir faoin mhoill agus faoi cé chomh fada a bheidh an mhoill, chomh maith leis na réitigh atá ar fáil. Fágann sé sin gur féidir leis an iarratasóir cinneadh eolasach a ghlacadh maidir le cibé is ceart dó nó di fanacht leis an bhfreagra nó gearán a dhéanamh láithreach leis an Ombudsman.⁷³

Coinbhleachtaí leasa - An féidir liom muinín a bheith agam go ngníomhóidh lucht riaracháin an AE ar mhaithe leis an AE agus ar mhaithe liomsa mar shaoránach?

Ionas go bhféadfaidh an AE feidhmiú i gceart, agus ionas gur féidir leis na saoránaigh muinín a bheith acu as, ní mór do lucht riaracháin an AE gníomhú ar mhaithe leis an AE amháin. Aon oifigeach a chomhlíonfaidh a chuid nó a cuid dualgas agus a leas féin ar intinn aige nó aici, déanfaidh sé nó sí sárú ar na Rialacháin Foirne agus ba chóir nach mbeadh aon áit i gcóras riaracháin an AE dó nó di. Ní mór do lucht riaracháin an AE a chinntiú nach dtiocfaidh cásanna den sórt sin chun cinn.

Is tábhachtach an rud é nach díreach gnás foirmiúil a bheidh i gceist leis an nós imeachta chun measúnú a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa féideartha.⁷⁴

Is ann do choinbhleacht leasa iarbhír nuair is amhlaidh, mar atá sainithe ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), go bhfuil coinbhleacht idir na dualgais phoiblí atá ar oifigeach poiblí agus na leasanna príobháideacha atá aige nó aici, ina bhfuil leasanna ag an oifigeach poiblí ina cháil nó ina cáil phríobháideach a *d'fhéadfadh* tionchar míchuí a bheith acu ar fheidhmiú a chuid nó a cuid dualgas oifigiúil agus freagrachtaí oifigiúla (an bhéim curtha leis). Cibé an athraíonn nó nach n-athraíonn oifigeach poiblí a iompar nó a hiompar i ndáiríre mar thoradh ar choinbhleacht leasa, ní bhaineann

⁷² Cás 1786/2011/MHZ

⁷³ Cás 1817/2010/RA

⁷⁴ Cás 1533/2010/MMN



sé sin le hábhar maidir lena chinneadh an bhfuil coinbhleacht leasa i gceist, idir leasanna príobháideacha agus leasanna poiblí an oifigigh phoiblí, a *d'fhéadfadh* tionchar míchuí a bheith acu ar fheidhmiú dhualgais oifigiúla agus fhreagrachtaí oifigiúla an té sin. Is é an t-ionchas, nó fiú an dóchúlacht, go bhféadfadh leasanna príobháideacha dul i bhfeidhm ar iompar oifigigh phoiblí an ghné lárnach maidir lena chinneadh cé acu an bhfuil coinbhleacht leasa i gceist nó nach bhfuil. Cé gur tromchúiseach an rud a bheadh in aon sampla nithiúil de choinbhleacht leasa a dhéanfadh athrú iarbhir ar iompar oifigigh phoiblí, ní bhaineann sé le hábhar nár léiríodh gurb ann d'aon sampla den sórt sin maidir le cibé an bhfuil coinbhleacht leasa i gceist nó nach bhfuil. Le coincheap na coinbhleachta leasa, féachtar lena chinntiú nach dtiocfaidh aon chás chun cinn ina *bhféadfadh* duine a bheith faoi thionchar leasanna agus feidhm phoiblí á cur i gcrích. Is í *an fhéidearthacht* go mbeadh tionchar den sórt sin i gceist a fhéachtar le haghaidh a thabhairt uirthi le coincheap na coinbhleachta leasa.⁷⁵

Braitheann dlisteanacht an AE i súile na saoránach, ní hamháin ar fhíor-choinbhleachtaí leasa a sheachaint, ach coinbhleachtaí leasa dealraitheacha a sheachaint chomh maith.⁷⁶

Is gá do lucht riaracháin an AE taifead a choinneáil ar a n-anailís ar choinbhleachtaí leasa líomhnaithe agus a bheith in ann a gcuid tuairimí a chosaint i leith shaoránaigh an AE nuair a iarrtar orthu sin a dhéanamh. Ní leor an ráiteas lom nach ann d'aon choinbhleacht leasa, gan aon léiriú ar na cúiseanna. D'fhéadfadh saoránaigh mínithe nach leordhóthanach iad a léirthuisint mar iarracht an méid a tharla i ndáiríre a fhorcheilt.⁷⁷

Is dea-chleachtas riaracháin é do lucht riaracháin an AE eolas soiléir a thabhairt do bhaill foirne a bheidh ag fágáil a sheirbhíse faoi na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis na Rialacháin Foirne, amhail saincheistanna coinbhleachtaí leasa.⁷⁸

Ní hionann an ceart bunúsach chun sonraí pearsanta a chosaint agus bac córasach ar scrúdú poiblí a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhfuil coinbhleachtaí leasa ag daoine nádúrtha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí stocaireachta (a dhéantar go hiondúil i leith an Choimisiúin). Is ar mhaithe leis an trédhearcacht, agus go háirithe ar mhaithe le cur chun cinn an daonlathais rannpháirtíochta, don Choimisiún é a chur in iúl go córasach d'ionadaithe leasanna, roimh chruinnithe le baill foirne an Choimisiúin, agus i gcomhthéacs na cumarsáide scríofa idir an Coimisiún agus ionadaithe leasanna, go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún ainmneacha na n-ionadaithe leasanna a nochtadh, má iarrtar sin air i gcomhthéacs na n-iarratas ar rochtain ar dhoiciméid faoi Rialachán 1049/2001.⁷⁹

Maidir le gníomhaíochtaí ar lean iar-Choimisinéirí dóibh, ní leor é go léiríonn iar-Choimisinéir tacaíocht pholaitiúil do shaincheist ar leith, ann féin, mar bhonn lena léiriú gurb ann do choinbhleacht leasa maidir leis an tsaincheist sin,

⁷⁵ Cás 297/2013/FOR

⁷⁶ Cás 51/2011/AN

⁷⁷ Cás 51/2011/AN

⁷⁸ Cás OI/12/2011/JF

⁷⁹ Cás 277/2012/RA



más amhlaidh gur sprioc dhlísteanaigh leasa choitinn de chuid an AE í an tsaincheist sin.⁸⁰

Ceann de chuspóirí na rialach lena gceanglaítear ar chomhaltaí chomhlachtaí cinnteoireachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) gníomhú go neamhspleách⁸¹ is ea dlísteanaigh an BCE a áirithiú i súile shaoránaigh an AE. I dteannta leis an oibleagáid atá orthu gníomhú go neamhspleách, ní mór do chomhaltaí chomhlachtaí cinnteoireachta an BCE coinbhleacht leasa a sheachaint chomh maith. Braitheann dlísteanaigh an AE i súile na saoránach, ní hamháin ar fhíorchoinbhleachtaí leasa a sheachaint, ach coinbhleachtaí leasa dealraitheacha a sheachaint chomh maith. Is dlísteanaigh an rud é do chomhaltaí chomhlachtaí cinnteoireachta an BCE dul i mbun díospóireachta poiblí agus príobháidí iomchuí maidir le saincheistanna a bhaineann le hobair an BCE. Nuair a ghlacann Uachtarán an BCE páirt i gcruinniú, ba cheart é a mheas gur faisnéis phoiblí iad cuspóir an chruinnithe, céannaigh na rannpháirtithe eile, agus na hábhair arna bplé, murab amhlaidh gurb ann do chúis dhlísteanaigh rúndachta, ar nós an gá atá le leas an phobail a chosaint maidir le beartas airgeadais, beartas airgeadaíochta nó beartas geilleagraigh an AE nó Ballstáit. Mar shampla, bheadh sé i gcomhréir le prionsabal na trédhearachta don BCE a fhoilsiú, ar a shuíomh gréasáin féin, go bhfuil a Uachtarán ina bhall den Ghrúpa 30, fiú amháin mura grúpa stocaireachta nó grúpa sainleasa é an Grúpa 30 ina gcomhroinntear “leas coiteann” a d’fhéadfadh cur isteach ar neamhspleáchas an BCE, ach más amhlaidh gur fóram díospóireachta é. Is ionann “grúpa sainleasa” agus grúpa daoine nádúrtha agus/nó eintiteas dlíthiúil a chomhroinneann leas coiteann maidir le saincheist shubstainteach agus a bhíonn ag iarraidh an leas coiteann sin a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla. Féadfar “stocaireacht” a léirtheiscint mar ghrúpa sainleasa a fhéachann lena leas comhchoiteann a chur chun cinn trí thionchar a imirt ar bhonn díreach ar thríú páirtithe, lena n-áirítear oifigigh phoiblí.⁸²

Sceithireacht

Baill foirne de chuid an AE, a thagann ar an eolas, agus iad ag comhlíonadh a ndualgas, faoi ghníomhaíocht a mheasann siad a bheith neamhdhleathach, lena n-áirítear calaois nó éilliú, a dhéanfaidh dochar do leasanna an AE, ní mór dóibh a n-ordlathas a chur ar an eolas faoin ngníomhaíocht sin.⁸³ Ní féidir a dhóthain béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme ceart na forála sceithireachta sna Rialacháin Foirne (Airteagal 22a), go háirithe i bhfianaise na tuarascála ó Chomhairle na hEorpa⁸⁴ inar cinneadh go mbíonn sceithirí díspregtha ag an mbraistint nach ndéanfar gníomh cuí mar thoradh ar na rabhaidh uathu.

Ba cheart a mheas go soiléir gurb ionann faisnéis agus nochtadh faoi Airteagal 22a de na Rialacháin Foirne más rud é: (i) go bhfuil sé sonraithe go bhfuil an fhaisnéis á cur ar fáil faoi Airteagal 22a de na Rialacháin Foirne; (ii) go bhfreagraíonn ábhar na faisnéise don intinn sin; (iii) go bhfuil an fhaisnéis de

⁸⁰ Cás 1533/2010/MMN

⁸¹ Airteagal 130 CFAE agus Reacht an BCE

⁸² Cás 1339/2012/FOR

⁸³ Airteagal 22(a) de na Rialacháin Foirne

⁸⁴ Ar fáil ag <http://assembly.coe.int/ASP/Doc/XrefViewHTML.asp?FileID=12302&Language=EN>



chineál tromchúiseach, ar bhonn oibiachtúil; agus (iv) go bhfuarthas an fhaisnéis i gcúrsa comhlíonadh dualgas, cibé iad féin. An tráth a sholáthraítear an fhaisnéis sin i gcomparáid le nósanna imeachta eile (iniúchóireacht, mar shampla), níl sé bainteach le hábhar.⁸⁵

Is ann do chásanna sceithireachta eile seachas iadsan atá clúdaithe ag na Rialacháin Foirne. Sna cásanna sin, ní leor é do lucht riaracháin an AE a chur in iúl don sceithire go bhfuil an comhad dúnta, agus gan ach torthaí ginearálta a chur ar fáil. Ní mór smaoineamh ar an staid íogair ina bhfuil an sceithire agus an chothromaíocht á meas idir rúndacht féideartha na faisnéise atá aige nó aici agus an dualgas atá ann tuairisc a thabhairt ar rud éigin a mheasann an sceithire a bheith tromchúiseach, mar shampla, sábháilteacht. Ceanglaítear le prionsabail an dea-riaracháin gur cheart an measúnú substainteach ar an bhfaisnéis arna nochtadh a chur i gcrích go cúramach, go neamhchlaonta agus go hoibiachtúil, agus gur chóir don údarás a ndeachaigh an sceithire i dteagmháil leis na cúiseanna is bonn lena chonclúidí a thabhairt, beag beann ar an gcinneadh a ghlacfar. Ar an gcaoi sin, seachnaítear an t-amhras a bhíonn ar an sceithire, amhras nach bhfuil iontas ar bith leis, nár déileáladh go cuí lena chás, nó nár déileáladh leis ar chor ar bith.⁸⁶

⁸⁵ Cás 1697/2010/JN

⁸⁶ Cás 51/2011/AN



An Coimisiún ina cháil mar Chaomhnóir na gConarthaí – ag áirithiú go gcloífidh na Ballstáit le rialacha an AE

Is é an Coimisiún “Caomhnóir na gConarthaí,” rud a fhágann go ndéanann sé maoirseacht ar cibé an gcuireann nó nach gcuireann na Ballstáit dlí an AE i bhfeidhm i gceart. Má mheasann sé nach bhfuil Ballstát ag cur gné áirithe de dhlí an AE i bhfeidhm mar is ceart, is féidir leis an tsaincheist sin a thabhairt os comhair chúirteanna an AE, ar féidir leo rialú a dhéanamh ar an tsaincheist ansin. Ní féidir le saoránaigh leas a bhaint as Cúirteanna an AE chun an chaoi a fheidhmíonn an Coimisiún an ról sin a rialú. Is féidir leo gearán a dhéanamh leis an Ombudsman, áfach. Is é tuairim an Ombudsman nach mór don Choimisiún, agus é ag comhlíonadh an róil atá aige mar Chaomhnóir na gConarthaí, a bheith oscailte agus botúin a sheachaint.

Bíonn caidreamh an Choimisiúin leis na saoránaigh a ndéanann gearáin leis faoi shárúithe ar dlí an AE ag Ballstáit á rialú go príomha ag Teachtaireacht ón gCoimisiún ina leagtar amach conas a dhéileáil sé le daoine a dhíríonn a aird ar shárúithe líomhnaithe ar dhlí an AE.⁸⁷ Gnás dea-riaracháin is ea é don Choimisiún an Teachtaireacht a leanúint agus gearáin faoi shárúithe á láimhseáil⁸⁸. Mar shampla, sonraítear sa Teachtaireacht gurb amhlaidh, mar riail ghinearálta, go n-imscrúdóidh an Coimisiún gearáin d'fhonn a theacht ar chinneadh fógra foirmiúil a eisiúint nó an cas a dhúnadh laistigh de thréimhse nach mó ná aon bhliain amháin ó dháta cláraithe an ghearáin. Tá sé cinnte ag an Ombudsman gur cheart don Choimisiún a mhíniú ar bhealach soiléir, díongbháilte cén fáth, i gcás áirithe, a raibh níos mó ama de dhíth air chun déileáil le gearán.⁸⁹

Agus a ról mar Chaomhnóir na gConarthaí á chomhlíonadh aige, fágtair méid mór saoirse ag an gCoimisiún agus é á chinneadh cibé imeachtaí sáraithe in aghaidh Ballstát a thionscnamh nó gan iad a thionscnamh maidir le sárúithe ar an dlí AE. Mar sin féin, creideann an tOmbudsman go bhfuil sé de dhualgas ar an gCoimisiún, agus é ag déileáil le gearáin faoi shárúithe, a bheith oscailte i leith an ghearánaigh agus a bheith sásta faisnéis a chur ar fáil, sa chéad áit, maidir le cé acu an measann nó nach measann sé gur sáraíodh dlí an AE agus cén fáth, agus, sa dara háit, maidir le conas a thograíonn sé a rogha a fheidhmiú ina leith sin. Ní mheasfadh an tOmbudsman go bhfuil an Coimisiún ag gníomhú lasmuigh dá réimse saoirse ach amháin i gcás roghanna treallacha ina leith sin.

Agus é nó í ag déileáil le gearán faoi shárú, tá an gearánach i dteideal dícheall leordhóthanach a éileamh ón gCoimisiún agus é á chinneadh cén gníomh is iomchuí chun a fháil amach cé acu an bhfuil sárú déanta nó nach bhfuil.⁹⁰

Féadfaidh an tOmbudsman a mheas go bhfuil drochriarachán i gceist maidir le cinneadh cas um shárú a dhúnadh más rud é go mainneoidh an Coimisiún

⁸⁷Teachttaireacht ón gCoimisiún maidir le nuashonrú ar láimhseáil an chaidrimh leis an ngearánach i leith chur i bhfeidhm dhlí an Aontais [COM(2012) 154 leagan críochnaitheach].

⁸⁸ Cás 1738/2012/RT

⁸⁹ Cás 412/2012/MHZ

⁹⁰ Cás 1786/2011/MHZ



míniú leordhóthanach a thabhairt ar a chinneadh; má sháraíonn sé nós imeachta nó má dhéanann sé botún soiléir measúnachta; má bhaineann sé ciall contráilte as an dlí⁹¹; nó má chuireann sé san áireamh nithe nach mbaineann le hábhar⁹².

I dtaobh an dualgais atá air a chinneadh a mhíniú, ba cheart don Choimisiún tabhairt faoi cheisteanna an ghearánaigh, go sainráite nó go hintuigthe. Más rud é nach measann an Coimisiún gurb infheidhme é an dlí AE dá dtagraíonn an gearánach, nó má mheasann sí nach bhfuil dlí an AE sáraithe, ba chóir dó an méid sin a mhíniú go leordhóthanach.⁹³ Go ginearálta, ionas go measfaí na mínithe sin a bheith leordhóthanach, comhleanúnach agus réasúnta. ba chóir dóibh: (i) aghaidh a thabhairt ar argóintí ábhartha an ghearánaigh⁹⁴; (ii) a bheith réasúnta comhleanúnach le cleachtais, cumarsáid agus beartais ghinearálta an Choimisiúin sa réimse sin; agus (iii) a bheith den sórt sin gur fearr a bheadh na saoránaigh in ann cinneadh cibé an bhfuil sé iomchuí nó nach bhfuil gearán a dhéanamh faoi nithe den chineál céanna sa todhchaí.⁹⁵

Maidir le cás sáraithe ar leith, chinn an tOmbudsman nár thug an Coimisiún cúiseanna leordhóthanacha i leith a chinnidh agus, dá réir, nár ghníomhaigh sé go trédhearcach. Sa chás áirithe sin, bhí a sheasamh athruithe ag an gCoimisiún ó cheann inar seoladh litir fógra fhoirmiúil chuig an mBallstát a bhí i gceist go dtí ceann inar dúnadh an cás. Mhínigh an Coimisiún an t-athrú sin mar cheann a bhí ina thoradh ar “comhairliúcháin inmheánacha”. Bhí an tOmbudsman den tuairim nach raibh an míniú sin leordhóthanach mar bhonn le haghaidh cinneadh deiridh an Choimisiúin.⁹⁶

Mhol an tOmbudsman thairis sin don Choimisiún go nglacfadh sé cur chuige níos mine maidir le hoscailteacht i réimse na nósanna imeachta um shárú. Tá an Coimisiún den tuairim gur cinnte go ndéanadh nochtadh poiblí ar dhoiciméid arna malartú leis na Ballstáit le linn nósanna imeachta dochar do chuspóir an nós imeachta sin, arb ionann é agus cur i bhfeidhm ceart dhlí an AE a áirithiú. Ní follasach an rud é go bhfuil an seasamh sin ceart. Is féidir nósanna imeachta um shárú a shamhlú ina bhféadfadh nochtadh poiblí na dtuairimí agus na n-argóintí éagsúla arna malartú a bheith i bhfabhar dheireadh an tsáraithe, nó ina bhféadfaidís deireadh an tsáraithe a éascú, go díreach mar gheall ar rannpháirtíocht bhríomhar aigne an phobail agus na sochaí sibhialta, idir náisiúnta agus Eorpach. Fiú d'fhéadfadh duine a cheapadh go réasúnach gur dócha go mbeadh nochtadh poiblí doiciméad i nósanna imeachta um shárú ina bhfuil saincheisteanna comhshaoil i gceist ar cheann de na cásanna sin. Cé go bhfuil treo áirithe léirithe i gcásdlí na Cúirte sa réimse sin, ní mór a mheabhrú go ndéanann cúirt athbhreithniú ar chásanna laistigh de shraith níos déine nósanna imeachta agus rialacha ná mar a dhéanann an tOmbudsman. Murab ionann agus an Chúirt, d'fhéadfadh an tOmbudsman a bheith in ann deiseanna sistéamacha a shainaithint lena bhféadfaí cleachtais an Choimisiúin a fhágáil ní b'oscailte.⁹⁷

⁹¹ Cás 846/2010/PB agus Cás 1786/2011/MHZ

⁹² Cás 1738/2012/RT

⁹³ Cás 846/2010/PB, Cás 1708/2011/JF agus Cás 1786/2011/MHZ

⁹⁴ Cás 846/2010/PB agus Cás 1786/2011/MHZ

⁹⁵ Cás 846/2010/PB agus Cás 1708/2011/JF

⁹⁶ Cás 412/2012/MHZ

⁹⁷ Cás 1947/2010/PB agus 2207/2010/PB



Comhlíonadh conarthaí agus deontas

Déanann lucht riaracháin an AE conarthaí i go leor réimsí, ní hamháin maidir le soláthairtí agus seirbhísí, ach freisin i gcomhthéacs clár arna maoiniú ag an AE, mar shampla. Ní iondúil go mbíonn lucht riaracháin an AE páirteach i ndíospóidí idir a gcuid conraitheoirí agus a gcuid fochonraitheoirí. Mar sin féin, ba chóir do lucht riaracháin an AE, ag brath ar an gcás faoi leith agus ar mhaithe le dea-cháil an AE, meon oscailte, cuidiúil a léiriú nuair a chuirtear cúiseanna inní faoina mbráid.⁹⁸

Is réasúnach an rud é do pháirtithe, amhail lucht riaracháin an AE agus a gcomhpháirtithe conartha, aontú eatarthu féin maidir le léirtheiscint saincheisteanna nach bhforáiltear dóibh go sainráite i gcomhaontú scríofa. Níor chóir comhfhreagras ríomhphoist ó lucht riaracháin an AE maidir le saincheist den sórt sin, de ghnáth, a mheas mar chomhfhreagras “neamhfhoirmiúil”. I gcultúr seirbhíse, ní mór go mbeadh údair na dteachtaireachtaí a eisíonn lucht riaracháin an AE freagrach as a bhfuil iontu.⁹⁹

Maidir le saineolaithe a roghnú do thionscadail AE, fágfar méid mór saoirse ag lucht riaracháin an AE agus féadfaidh siad a chinneadh gur fearr leo a bheith ag obair le saineolaí amháin seachas saineolaí eile, mar shampla, chun comhoibriú éifeachtach a áirithiú lena gcuid seirbhísí. Mar sin féin, sula ndéantar ionadú ar shaineolaí, go háirithe mar gheall ar mhí-iompar líomhnaithe, ba chóir do lucht riaracháin an AE i gcónaí an deis a thabhairt don saineolaí a thuairim nó a tuairim féin faoin gcás a chur i láthair (luaitear an ceart chun éisteacht a fháil thuas chomh maith faoi 'Trédharcacht').¹⁰⁰

⁹⁸ Cás OI/11/2010/AN

⁹⁹ Cás 940/2011/JF

¹⁰⁰ Cás 2441/2010/OV



Dámhachtain tairiscintí agus deontas

Tugtar caidreamh conarthach le lucht riaracháin an AE le tuiscint i dtairiscintí agus i ndeontais. De bharr go mbaintear leas as cistí an AE le haghaidh na gcríoch sin, is soiléir go ndlitear na nósanna imeachta a bheith trédhearcach agus go gcaithfí go cóir leis na hiarratasóirí. Ba cheart go mbeadh na nósanna imeachta dámhachtana mínithe go soiléir agus ba chóir an oiread faisnéise is féidir a chur ar fáil do na tairgeoirí faoin meastóireacht ar a gcuid tairiscintí.¹⁰¹Ní mór do na treoirlínte i leith comhaontuithe deontais critéir bheachta agus shoiléire a sholáthar maidir le sainmhínithe agus maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha.¹⁰²

I gcás athbhreithniú ar mheastóireachtaí ar thograí eolaíochta, tagann ceisteanna casta eolaíochta chun cinn agus is iondúil go mbíonn athbhreithniú substainteach an Ombudsman srianta do mheasúnú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil botún follasach i réasúnaíocht an chinnidh arna chonspóidiú. Nuair a bhíonn meicníocht inmheánach ag lucht riaracháin an AE i gcomhair ath-mheastóireachta, is réasúnta é nach mbeadh ath-mheastóireacht den sórt sin i gceist ach amháin i gcás fianaise (i) ar shárú nós imeachta; (ii) ar bhotúin fhíorasacha; nó (iii) ar bhotún follasach sa mheasúnacht.¹⁰³

Is é an príomhchúram atá ar an gCoimisiún i ndáil leis na tionscadail cúnamh a ndéanann sé maoiniú orthu a chinntiú go ndéanfar na cistí AE a leithdháileadh ar thionscadal a caitheadh ar an tionscadal i gcomhréir leis an bplean caiteachais a comhaontaíodh, agus go mbainfear amach aidhmeanna an tionscadail. Chomh maith leis an ngá atá lena chinntiú go mbainfear úsáid cheart as cistí an AE agus le toradh rathúil an tionscadail a áirithiú, is ar mhaithe leis an dea-riarachán é don Choimisiún a áirithiú go ngníomhaíonn faighteoirí chistí an AE go cothrom agus go cruinn i leith comhpháirtithe i dtionscadail arna gcistiú aige. In ainneoin a raon feidhme theoranta maidir le hidirghabháil a dhéanamh i ndáil le gaol conartha nach bhfuil sé ina pháirtí ina leith, ba cheart don Choimisiún bearta iomchuí a dhéanamh, dá bhrí sin, ionas go gcuirfí ar an eolas é maidir le fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus cabhrú, nuair is féidir, chun díospóidí a bhaineann leis na fadhbanna sin a réiteach. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí chruinnithe a eagrú, ina n-aonar agus idir na páirtithe díospóide, agus tairiscint a dhéanamh gníomhú mar idirghabhálaí.¹⁰⁴

¹⁰¹ Cás 1653/2011/DK

¹⁰² Cás 137/2013/RT

¹⁰³ Cás 2111/2011/RA

¹⁰⁴ Cás 2100/2011/OV



Cúrsaí foirne, agus tábhacht na foirne

Ba chóir go gcaithfeadh a bhfostóir i gceart le foireann chóras riaracháin an AE. Baill foirne a bhfuil meas orthu, agus a bhraitheann go gcuirtear san áireamh iad, is mó an seans atá ann go mbraithfidh siad gurb iad a gcúraimí féin iad a gcuid tascanna, agus, dá bhrí sin, go ndéanfaidh siad jab níos fearr do shaoránaigh an AE. Níor chóir go mbeadh an tOmbudsman Eorpach ar an ngníomhaireacht phríomhúil chun déileáil le saincheisteanna foirne, mar gurb iondúil gur fearr is féidir iad a réiteach níos gaire d'fhoirse na faidhbe. Mar sin féin, ba chóir go mbeadh prionsabail an dea-riaracháin i bhfeidhm freisin sa réimse sin de chóras riaracháin an AE, agus dá bhrí sin is féidir leis an Ombudsman cabhair a thabhairt ina leith, go háirithe maidir le fadhbanna sistéamacha a shainaithint agus teacht ar réitigh orthu.

Ina theannta sin, cinntíonn an tOmbudsman go gcuireann lucht riaracháin an AE na rialacha ábhartha i bhfeidhm mar is ceart agus a gcinntí á nglacadh acu, ar rialacha iad de ghnáth atá sna Rialacháin Foirne (nó a eascraíonn astu).¹⁰⁵Gnéithe tábhachtacha den dea-riarachán i réimse na saincheisteanna foirne is ea tiomantas lucht riaracháin an AE do réiteach fadhbanna¹⁰⁶ agus do chur chuige a ghlacadh nach bhfuil ró-fhoirmiúil¹⁰⁷. Mar shampla, i ndáil le coinníollacha fostaíochta do bhaill foirne áitiúla i dToscaireachtaí an AE, is réasúnta an rud é do lucht riaracháin an AE breathnú ar na cleachtais choitianta sa chaidreamh fostaíochta sa tír ábhartha agus iad ag déanamh iarrachta réitigh chothroma a aimsiú.¹⁰⁸

¹⁰⁵ Cás 1986/2011/JF

¹⁰⁶ Cás 1286/2011/TN

¹⁰⁷ Cás 2178/2011/KM

¹⁰⁸ Cás 706/2010/RT



Comórtais agus nósanna imeachta roghnúcháin

Na nósanna imeachta maidir le baill foirne a earcú chuig córas riaracháin an AE, ba chóir dóibh a bheith trédhearcach.

Cé gur cheart gur rúnda iad imeachtaí na mbord roghnúcháin agus iad ag gníomhú i nósanna imeachta maidir le baill foirne an AE a earcú¹⁰⁹, níor chóir go dtuigfí an fhoráil sin mar cheann a chlúdaíonn rud ar bith a bhaineann le bord roghnúcháin, tuiscint a bheadh mícheart (féach freisin thuas faoi *An ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid*). An gá atá ann tuairimí aonair na gcomhaltaí boird roghnúcháin a choimeád faoi rún, d'fhonn oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht na n-imeachtaí roghnúcháin a chosaint, ní eascraíonn an ceart uaidh é a choinneáil faoi rún cé hiad na comhaltaí sin.¹¹⁰ Is é an cur chuige is fearr é ainmneacha chomhaltaí an bhoird roghnúcháin a fhoilsiú i gcónaí, agus níor chóir an nochtadh sin a bheith teoranta do na hiarrthóirí a dhéanann iarratas follasach.¹¹¹

An tairseach i ndáil le cur ar an liosta cúltaca d'iarrthóirí rathúla atá incháilithe le haghaidh earcaíochta, ba chóir í a nochtadh d'iarrthóirí i nósanna imeachta earcaíochta, mar aon leis na marcanna a bhaineann daoine aonair amach sna trialacha scríofa agus sna trialacha ó bhéal.¹¹²

In 2008, gheall an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) don Ombudsman faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil d'iarrthóirí i nósanna imeachta earcaíochta maidir lena bhfeidhmíocht i dtrialacha. Chomh maith le marc foriomlán, chomhaontaigh EPSO na marcanna páirteacha i leith gach critéir meastóireachta atá leagtha amach san fhógra iomaíochta a chur ar fáil. Tá sé cinnte ag an Ombudsman go bhfuil na comórtais ar an stíl nua, ina gcuirtear pas inniúlachta ar fáil d'iarrthóirí, úsáideach ó thaobh faisnéis struchtúrtha, iomlán a chur ar fáil ar fheidhmíocht iarrthóra. Mar sin féin, i gcásanna nuair nach gcuirtear marcanna páirteacha ar fáil sa phas inniúlachta i ndáil leis an eolas atá ag iarrthóir ar phost ar leith, is é sin, nuair nach dtugtar ann na marcanna maidir le gach critéir meastóireachta atá leagtha amach san fhógra iomaíochta, mainneoidh EPSO comhlíonadh a dhéanamh ar a thiomantas roimhe sin i dtaobh na trédhearcachta.¹¹³

¹⁰⁹ Airteagal 6 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacháin Foirne

¹¹⁰ Cás 2111/2011/RA

¹¹¹ Cás OI/12/2011/JF

¹¹² Cás 2044/2012/LP

¹¹³ Cás 2022/2011/RT agus Cás 2430/2011/RT



Má tá leagan cló mhór den fhoilseachán ag teastáil uait, téigh i dteagmháil le do thoil le hoifig an Ombudsman Eorpaigh. Déanfaimid iarracht freisin leagan fuaime a sholáthar ar iarratas.

Tá an foilseachán ar fáil ar an idirlíon anseo:

www.ombudsman.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2014

Údaraítear atáirgeadh chun críocha oideachais agus neamhthráchtála, ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinsé.

Leagtha amach i FrutigerNext agus Palatino.